Bord Measúnaithe Díobhálacha Pearsanta
Personal Injuries Assessment Board

## An Bord Measúnaithe Díobhálacha Pearsanta

# Plean Straitéiseach 2019-2024

**DEIREADH FÓMHAIR 2019**





# Clár na nÁbhar


| | | |
|---|---|---|
| Réamhfhocal leis an gCathaoirleach | | 2 |
| **Réamhrá leis an bPlean Straitéiseach** | | 3 |
| **Caibidil 1** | Athbhreithniú ar Fheidhmíocht Chuige Seo | 4 |
| **Caibidil 2** | An Timpeallacht Reatha – dúshláin agus deiseanna | 15 |
| **Caibidil 3** | Ár bPlean Straitéiseach a Athbhreithniú agus Fís, Misean agus Cuspóirí Straitéiseacha | 19 |
| | Fís, Misean agus Cuspóirí Straitéiseacha Nuashronaithe | 20 |
| | Gníomhaíochtaí chun Cuspóirí Straitéiseacha a Bhaint Amach | 22 |
| **Caibidil 4** | Struchtúr na hEagraíochta | 28 |
| **Aguisín 1** | Páirtithe Leasmhara a nDeachthas i gComhairle leo | 30 |

# Réamhrá

Is é seo an ceathrú Plean Straitéiseach a d'ullmhaigh an Bord faoin Acht um Bord Measúnaithe Díobhálacha Pearsanta 2003. Is é an ról atá ag PIAB chun cúiteamh díobhálacha pearsanta a mheasúnú ar bhealach tráthúil agus cost-éifeachtúil trí chuidiú le costais seachadta neamhriachtanacha a bhaint agus ag an am céanna ag cinntiú go mbíonn comhsheasmhacht ann maidir le dámhachtainí agus go gcaitear le gach páirtí ar bhonn cothrom.


Mheasúnaigh PIAB breis is 130,000 cás ó bunaíodh é in 2004 agus tá a chuid measúnuithe glactha ag breis is 60 faoin gcéad d'éilitheoirí. Thar na cúig bliana seo a chuaigh thart, bhí fad an ama a glacadh chun cás a mheasúnú fós ina bheagán bídeach den am a ghlactar trí chainéil eile agus tá costas seachadta a bhaineann le próiseáil cásanna PIAB fós i bhfad níos ísle ná an gnáthchostas seachadta trí chainéil eile. Seachadtar tairbhí do pháirtithe uile le córas PIAB. Trí oibriú PIAB ar bhonn neamhsháraíochta agus éifeachtach thar na blianta ó bhunú é in 2004 d'éirigh leis sin dul i ngleic leis an ngá le próiseáil thráthúil, éifeachtach na n-éileamh um dhíobháil phearsanta le costais phróiseála ísle agus ar an mbealach sin cuirtear le hiomaíochas eacnamaíoch foriomlán.

Mar fhreagairt ar imní leathan maidir le costais árachais arda, tá sé soiléir go bhfuil gníomhú níos mó de dhíth anois chun tabhairt faoi chostais na n-éileamh agus faoin imní maidir le forbairt chultúr an chúitimh. Tá PIAB tiomanta ina iomláine chun a ról a imirt in éineacht le príomhpháirtithe leasmhara chun tabhairt faoi na saincheisteanna a tháinig chun cinn le blianta beaga anuas sa timpeallacht éileamh fhoriomlán amhail leibhéil neamhchomhsheasmhacha de shocraíochtaí cúitimh, easpa infhaighteachta maidir le sonraí follasacha i dtaca le costais éileamh agus an gá le sonraí níos fearr maidir le díobhálacha a tharlaíonn go minic a bhaineann le fíochán bog nó 'fuiplasc'.


Tugadh tacaíocht láidir d'obair PIAB le linn na mblianta dár bPlean Straitéiseach 2014-2019 ag an Aire Gnó, Fiontair agus Nuálaíochta, Heather Humphreys T.D. agus ag na réamhtheachtaithe dá cuid an Tánaiste Frances Fitzgerald T.D., na hAirí Mary Mitchell O'Connor, T.D. agus Richard Bruton T.D. Bhí buíochas orainn bheith ag obair leis an Aire Stáit ag an Roinn Airgeadais, mar a bhí ann ag an am sin, Eoghan Murphy T.D., agus lena chomharba Michael D'Arcy T.D., mar chuid den Ghrúpa Oibre um Chostas Árachais (CIWG). Is mian linn freisin ár mbuíochas a ghabháil le hoifigigh i Ranna an Rialtais a oibríonn linn as a gcuid tacaíochta leanúnaí, go háirithe iad siúd atá ag obair inár máthair-roinn.

Cuireadh an plean seo le chéile tar éis comhairliúchán leanúnach le páirtithe leasmhara. Táimid buíoch de na páirtithe leasmhara uile as a gcuid ama agus as a rannchuidiú. Bhí ról lárnach ag ár mBord rialaithe maidir leis an bplean a thabhairt chun críche.

Féachaimid ar an bplean seo mar phlean thar a bheith tráthúil mar gheall ar fhorbairtí i dtimpeallacht na n-éileamh um dhíobhála pearsanta agus tá seachadadh an phlean ríthábhachtach do pháirtithe uile atá bainteach le héilimh agus don tsochaí ina hiomláine. Táimid ag tnúth le seachadadh rathúil na Físe, an Mhisin, na gCuspóirí agus na nGníomhaíochtaí nuashonraithe sa phlean seo.



Dermot Divilly
**Cathaoirleach**



# Réamhrá leis an bPlean Straitéiseach

## An cúlra le bunú PIAB

Bunaíodh PIAB in 2004 tar éis achtú an Achta um Bord Measúnaithe Díobhálacha Pearsanta, 2003. Bunaíodh é chun dul i ngleic leis na costais a bhaineann le híocaíochtaí cúitimh um dhíobhálacha pearsanta a sheachadadh a measadh a bheith ag cur isteach ar bhealach suntasach ar chostas árachais chun dochair do ghnólachtaí agus do thomhaltóirí araon. Tháinig an imní sin chun cinn arís thar na blianta beaga anuas. Is é an príomhról atá ag córas neamhsháraíochta PIAB cásanna a bhaint as dlíthíocht neamhriachtanach agus costasach.

Ó thionscnamh PIAB, bhain sé an gá le dlíthíocht i líon suntasach de chásanna. Tá an cás tairbheach sin ina thoradh ar chásanna a réitigh PIAB go díreach trí dhámhachtain fhoirmiúil, agus tríd an gcóras dá chuid freisin lena n-éascaítear idirphlé luath idir páirtithe, rud ar a mbíonn socraíochtaí luatha ina dtoradh uaireanta. De mhí-ádh tá sé doiciméadaithe go han-mhaith ach tá sé doiléir cad a tharlaíonn do chásanna a dhéantar a shocrú lasmuigh de phróiseas PIAB agus dá réir sin, san anailís dá chuid ar shaincheisteanna ábhartha, díríonn PIAB ar na cásanna a dhéantar a réiteach go díreach trí na próisis dá chuid.

Mar thoradh ar bhunú PIAB freisin, tá córas ann anois atá níos soiléire agus níos simplí nach mbaineann strus na dlíthíochta leis.

Is é an t-am a ghlacann PIAB chun cásanna a réiteach timpeall ar 7 mí (i gcomparáid le níos mó ná 3 bliana go stairiúil sa dlíthíocht) agus is ionann an costas seachadta agus timpeall ar 6.5% de luach na ndámhachtainí lena nglactar. I gcomórtas leis sin, fuarthas amach i dTuarascáil 2017 ar Mhótarárachas[1] an Ghrúpa Oibre um Chostas Árachais de chuid na Roinne Airgeadais gurbh ionann costais dhlíthíochta agus costais eile a bhain le héilimh a shocrú lasmuigh de phróiseas PIAB agus idir 44% agus 48% sna blianta 2013 agus 2015.

## Ullmhúchán an Phlean Straitéisigh seo

Le Pleananna Straitéiseacha PIAB soláthraítear an treoir fhoriomlán don eagraíocht thar thréimhsí chúig bliana. Seo é an ceathrú Plean Straitéiseach ó bunaíodh PIAB in 2004 mar chomhlacht neamhspleách an Stáit. Ceapadh an plean tar éis athbhreithniú a dhéanamh ar ár bhfeidhmíocht thar na 5 bliana seo a chuaigh thart, tar éis anailís a dhéanamh ar an timpeallacht éileamh níos leithne um dhíobhálacha pearsanta agus tar éis comhairliúcháin lena raibh ár bpríomhpháirtithe leasmhara bainteach a ionadaíonn leasanna custaiméirí, gnó, na bpobal leighis agus dlí, thionscal an árachais agus earnáil an Stáit. Táimid thar a bheith buíoch de na heagraíochtaí uile a chuidigh linn sa phróiseas comhairliúcháin.

Tá na heagraíochtaí a ndearna PIAB teagmháil leo liostaithe san Aguisín leis an bPlean Straitéiseach seo.

1 Féach lch 103 de 'Thuarascáil ar Chostas Mótarárachais' CIWG, Eanáir 2017.
**https://www.finance.gov.ie/wp-content/uploads/2017/07/170110-Report-on-the-Cost-of-Motor-Insurance-2017.pdf**



# Caibidil **1:**

## Athbhreithniú ar Fheidhmíocht 2014-2019

Le linn na tréimhse 2014-2019 lean an Bord Measúnaithe um Dhíobhálacha Pearsanta chun a ról reachtúil a chomhlíonadh mar aon lena mhisean agus a chuspóirí, de réir mar a bhí leagtha amach i bPlean Straitéiseach deireanach na heagraíochta agus i ngach ceann de Thuarascálacha Bliantúla PIAB.

Bhí ról cuiditheach ag an eagraíocht freisin i bhforbairtí níos leithne trí chomhoibriú go dlúth le páirtithe leasmhara uile, trí phríomh-thionscadail a chur chun cinn chun sochair ár gcustaiméirí agus trí thacú le hathrú dearfach i réimse na ndíobhálacha pearsanta.

Le linn na mblianta a bhí clúdaithe ag an bPlean Straitéiseach roimhe seo, 2014-2019, lean an eagraíocht le costais laethúla a chlúdach gan aon chistiú ón Státchiste agus lean sé lenár seirbhís ísealchostais agus éifeachtach a sholáthar. Leanann PIAB chun measúnuithe a sheachadadh ar bhealach gasta agus le costais ísle. Trí éilimh a réiteach ar bhealach cóir agus comhsheasmhach, bíonn tairbhí iarmhartacha ag an obair dár gcuid freisin maidir le comhaontuithe réamhdhlíthíochta (socraíochtaí luatha) a spreagadh idir na páirtithe sna héilimh.

### Líon na nÉileamh

Ó bunaíodh PIAB, fuair sé níos mó ná 400,000 éileamh, agus fuarthas toiliú chun measúnú a dhéanamh i níos mó ná 200,000 cás agus rinneadh dámhachtainí dar luach níos mó ná €3 bhilliún i níos mó ná 130,000 de na cásanna sin. Bunaíodh PIAB chun éilimh díobhála pearsanta gan cheistiú a mheas. Trí na héilimh díobhálacha pearsanta sin a réiteach gan an gá le dlíthíocht chostasach fhada, rinne PIAB an costas a bhaineann le cúiteamh a sheachadadh a laghdú go suntasach sna 14 bliana seo a chuaigh thart.

*Le linn na tréimhse 2014-go deireadh 2018:*

- Bhainistigh PIAB níos mó ná 165,000 iarratas um dhíobhálacha pearsanta agus rinne sé níos mó ná 60,000 dámhachtain fhoirmiúil d'íospartaigh timpistí dar luach beagnach €1.5 billiún.
- D'éirigh le PIAB meán-aga ama próiseála éilimh de timpeall ar 7 mí a bhaint amach le linn na tréimhse – i bhfad faoin amlíne reachtúil de 9 mí. Choinnigh PIAB na costais phróiseála ag timpeall ar 6% de luach na ndámhachtainí arna nglacadh, i bhfad níos ísle ná na leibhéil i gcainéil eile dá ndéanfaí cásanna a réiteach lasmuigh de phróiseas PIAB.

Léirítear leis an tábla thíos líon na n-éileamh a fuair PIAB sa tréimhse ó 2014.

**Tábla 1 Líon na n-éileamh a fuair PIAB 2014-2018**

| Bliain | Iarratais ar Éilimh faoi bhráid PIAB |
|---|---|
| **2018** | 33,371 |
| **2017** | 33,114 |
| **2016** | 34,056 |
| **2015** | 33,561 |
| **2014** | 31,576 |

Seachas na sonraí mionsonraithe a sholáthraíonn PIAB, níl sonraí cuimsitheacha maidir le líon iomlán na n-éileamh a dhéantar gach bliain ar fáil in Éirinn. Ós rud é go creidtear go ndéantar líon suntasach d'éilimh a réiteach ar bhonn príobháideach sula dtéann siad isteach i bpróiseas PIAB, faoi láthair níl aon staitisticí ar eolas againn maidir le méid na hearnála iomláine um dhíobhálacha pearsanta in Éirinn i dtéarmaí líon na n-éileamh.

Go ginearálta tá meascán agus idirdhealú na n-iarratas idir Dliteanas Mótair (ML), Dliteanas Fostóra (EL) agus Dliteanas Poiblí (PL) measartha comhsheasmhach fós, le ML in uachtar. Chonacthas laghdú beag le blianta beaga anuas ar éilimh mhótair, a bhfuil luach níos ísle acu de ghnáth, agus méadú beag in éilimh PL. Méadaíodh líon na n-éileamh EL thar na 5 bliana seo a chuaigh thart is dócha mar gheall ar líon méadaithe na ndaoine in obair.

## Líon na nDámhachtainí:

Is é atá i nDámhachtain ná luach an chúitimh is iníoctha le páirtí díobhálaithe nuair a dhéantar éileamh a shocrú. Áiríonn cúiteamh Damáistí Ginearálta i leith péine agus fulaingthe arb í an díobháil is cúis leo go dáta an chúitimh agus sa todhchaí araon. D'fhéadfadh Damáistí Speisialta a bheith san áireamh i ndámhachtain, is é sin, damáistí i leith caillteanais airgeadais go dáta an chúitimh agus sa todhchaí araon e.g. cailleadh pá, costas cúraim liachta etc. Baineann sonraí dámhachtainí atá ann sa tuarascáil seo le luach iomlán Dámhachtana agus ní dhéantar idirdhealú idir Damáistí Ginearálta agus Damáistí Speisialta.

Taispeántar sa tábla thíos sonraí na ndámhachtainí a rinne PIAB ó 2014.

**Tábla 2 Líon agus Luachanna na nDámhachtainí de réir Bliana**

| | Líon na nDámhachtainí | Luach na nDámhachtainí |
|---|---|---|
| **2018** | 12,112 | €298.56m |
| **2017** | 12,663 | €315.04m |
| **2016** | 12,966 | €315.13m |
| **2015** | 11,734 | €268.45m |
| **2014** | 12,420 | €281.21m |

## Oibriú stuama agus éifeachtach

D’fhonn luach ar airgead agus costais phróiseála ísle a sheachadadh, oibríonn PIAB ar bhealach stuama agus éifeachtach, agus lean sé chun sin a dhéanamh agus chun barrachais a ghiniúint le linn na tréimhse 2014-2019.

I rith na bliana, lean PIAB lena ról ríthábhachtach a chomhlíonadh go héifeachtach maidir le bealach éifeachtúil chun éilimh díobhálacha pearsanta a réiteach ar chostas íseal. Réitíonn samhail PIAB na héilimh sin chun sásaimh an dá pháirtí i gcás tuairim is 60 faoin gcéad de na héilimh a mheasann sé, laistigh d’achair ama reachtúla i gcónaí. D’fhéadfadh cothrom na gcásanna a bheith socraithe idir páirtithe roimh dhlíthíocht nó le linn dlíthíochta, nó le linn phróiseas PIAB, ach níl aon sonraí ar fáil go poiblí maidir le toradh na gcásanna sin. Le córas PIAB baintear costais inseachanta an-suntasacha a bhí ag baint roimhe seo le héilimh ar chúiteamh um dhíobhálacha pearsanta agus ag an am céanna cinntítear leis go ndéantar cearta na bpáirtithe sna héilimh díobhálacha pearsanta a chosaint.

Ag éirí as fócas tráchtála an Bhoird dírithe ar chostais phróiseála éileamh a íoslaghdú, choinnigh PIAB leibhéil foirne éifeachtacha óna bhunú agus rinne sé acmhainní inmheánacha a chomhlánú le tacaíocht inscálaithe ó sholáthraí seachfhoinsithe. D’infheistigh PIAB ar bhealach suntasach sna córais dá chuid lena n-áirítear uasghrádú an bhonneagair, aistriú chuig lárionad sonraí, láithreán gréasáin uasghrádaithe lena mbaineann foirm iarratais ar líne inrochtana ar féidir le héilitheoirí díreacha í a úsáid mar aon le Tairseach do Dhlíodóirí, faoina bhfuil níos mó sonraí curtha ar fáil thíos.

## Samhail PIAB a oibriú

Ní foláir nó go gcuirtear gach éileamh um dhíobháil phearsanta faoi bhráid PIAB mura ndéantar iad a shocrú go luath idir na páirtithe. Measúnaíonn PIAB éilimh ar aon dul le leibhéal reatha damáistí agus ós rud é go bhfuil sé neamhspleách is féidir gach páirtí a dhearbhú go bhfaigheann siad dámhachtain chóir.

Íocann éilitheoirí a úsáideann córas PIAB táille mheasartha de €45 agus íocann na freagróirí (an duine nó na daoine a ndéantar an t-éileamh ina choinne(gcoinne) táille €600 nuair a thoilíonn siad leis an bpróiseas. Tá na táillí sin ag an leibhéal is ísle ó bunaíodh an Bord. Clúdaíonn PIAB a chuid costas laethúil agus d’fhorbair sé barrachais thar na blianta.

Baineann an Bord ardleibhéil rátaí sástachta ó chustaiméirí amach ar bhonn comhsheasmhach trí na suirbhéanna sástachta inmheánacha lena léirítear éascaíocht inrochtaineachta agus sin an cás anois leis na cúig bliana seo a chuaigh thart San áireamh le seirbhísí sainiúla atá dírithe ar chustaiméirí a sholáthraíonn PIAB tá na cinn a leanas:

- Tá Cairt Chustaiméirí & nósanna imeachta Gearán i bhfeidhm.
- Ríomhsheirbhísí – forbraíodh cumas iarratais ar líne, éascaíodh comhfhreagras leictreonach, mar aon le haistriú leictreonach cistí. Forbraíodh Tairseach do Dhlíodóirí freisin agus cuirtear síos uirthi a thuilleadh thíos.
- Rochtain éasca ar fhaisnéis a fhoilsítear trínár láithreán gréasáin agus bileoga atá éasca a thuiscint.
- Seirbhísí ilteangacha.
- Coinní scrúduithe leighis a chur in áirithint agus a eagrú.

Trí leas a bhaint as an tacaíocht ó shaoráid lárionaid seirbhíse sheachfhoinsithe bhí PIAB in ann uaireanta oscailte sínte a sholáthar mar aon le tacaíochtaí eile. Trí bhainistíocht dhian agus comhoibriú dlúth leis an soláthraí seirbhíse bhí PIAB in ann díriú ar a ról lárnach – measúnú dámhachtainí – le linn dó leas a bhaint as a chomhpháirtí seirbhíse maidir le feidhmeanna a bhaineann níos mó le riarachán

Ó thaobh an tomhaltóra, leanann PIAB leis ag seachadadh cúitimh do dhámhachtainí díobhála pearsanta ar aon dul le leibhéal reatha damáistí ach gan an strus a bhaineann le bheith i láthair sa Chúirt d'éilitheoirí. Agus an cúiteamh a bhíonn dlite d'éilitheoir á ríomh, cuireann an Bord san áireamh go hiomlán an díobháil a fulaingíodh, an phian agus an fhulaingt, an caillteanas tuillimh agus cibé an mbíonn damáistí speisialta eile i gceist e.g. costais maidir le cóireáil leighis.

## Cearta an Duine

Tríd an gCairt Chustaiméirí dá chuid tiomnaítear PIAB do na nithe a leanas: Caitheamh le custaiméirí go cothrom, go cóir agus le meas. Agus sin á chomhlíonadh, tá PIAB feasach faoinár ndualgas chun leithcheal a dhíothú, agus chun comhionannas agus cosaint chearta an duine a chur chun cinn. Tá cearta na ndaoine lena n-oibrímid ar chaitheamh cóir agus cothrom ríthábhachtach dúinn inár gcuid oibre agus táimid tiomanta na cuspóirí sin a chosaint.

Tá an eagraíocht eolach ar na catagóirí daoine atá faoi chosaint dhlí an chomhionannais. Ní dhéanann PIAB leatrom ar cheann ar bith de na forais atá leagtha síos maidir le soláthar earraí agus seirbhísí sna hAchtanna um Stádas Comhionann 2000-2015 (ESA).

Soláthraíonn PIAB seirbhísí do fhreagróirí agus d'éilitheoirí uile, a bhaineann le héilimh a tharla i bPoblacht na hÉireann. Déanann sé cinntí ar bhonn an róil agus na bhfreagrachtaí atá aige faoi reachtaíocht lena n-áirítear na hAchtanna um Dhíobhálacha Pearsanta, arna leasú, agus faoi reachtaíocht ábhartha eile. Soláthraíonn sé seirbhísí in éagsúlacht de theangacha. Forbraíodh an láithreán gréasáin dár gcuid chun rochtain a sholáthar do dhaoine atá faoi mhíchumais radhairc agus tá sé scríofa ar bhealach simplí soiléir.

## Achoimre ar phríomhfhorbairtí 2014-2019

Le linn na tréimhse de Phlean Straitéiseach 2014-2019, lean PIAB leis chun a mhisean agus a chuspóirí straitéiseacha a chomhlíonadh – cásanna uile a ghlactar a bhainistiú maidir le héilimh a bhaineann le gluaisteáin, leis an áit oibre agus le dliteanas poiblí, agus dámhachtainí á ndéanamh i gcásanna iomchuí, agus ag cinntiú ag an am céanna go bhfanann an t-am a ghlactar chun éilimh a mheasúnú agus an costas a bhaineann le héilimh a phróiseáil ina mbeagán bídeach i gcomparáid le cainéil eile.

Seo achoimre na bpríomhfhorbairtí thar an tréimhse sa bhreis ar oibríochtaí normálta PIAB le linn na mblianta sin.

## 2014

Bhí príomhról ag PIAB sa ***"Chreat le haghaidh Seirbhísí Tacaíochta Gnó"*** de chuid an Rialtais. Lean sin ón obair cheannródaíoch a rinne PIAB chun lárionad seirbhíse seachtrach conraithe a bhunú, tar éis comhaontú a dhéanamh leis an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

Bhí PIAB ag moladh go gníomhach roimhe sin gur cheart go rachadh an Roinn Fostaíochta agus Coimirce Sóisialta i ngleic le ***haisghabháil sochar leasa a bhaineann le timpistí.*** Tugadh reachtaíocht isteach i Lúnasa 2014 agus thosaigh PIAB ag éascú aisghabháil an airgid sin ó dhámhachtainí arna ndéanamh ag an mBord. Mar thoradh air sin aisghabhadh timpeall ar €6.5 milliún ag an Roinn agus ag an Státchiste ó dhámhachtainí ó 2014.

Cuireadh tús le pleanáil mhionsonraithe le haghaidh ***uasghrádú phríomhchóras TF PIAB***, an Córas Bainistíochta Éileamh, as a mbaintear úsáid chun éilimh a láimhsiú, a phróiseáil agus a mheasúnú. Leis an gcóras sin, lena gcomhlíontar riachtanais cosanta sonraí uile, pléitear le timpeall ar 30,000 cás nua gach bliain agus cumasaítear stóráil taifead leis.

## 2015

Déantar damáistí a mheasúnú agus an ***Leabhar Candaim*** á úsáid, atá ina threoir ar leibhéil chúitimh in Éirinn, agus atá ar fáil ag **www.piab.ie**. Faoi théarmaí an Achta um Dhliteanas Sibhialta agus Cúirteanna 2004 ceanglaíonn an dlí ar na Breithiúna freisin aird a bheith acu ar an Leabhar Candaim. In 2015 cuireadh tús le hathbhreithniú ar an Leabhar Candaim, agus sainchomhairleoirí saineolaíocha neamhspleácha á n-úsáid, agus athbhreithniú ar shonraí ón tSeirbhís Chúirteanna, ó shocraíochtaí na n-árachóirí, ón nGníomhaireacht um Éilimh ar an Stát agus ó shonraí féin PIAB i gceist leis.

Sa réimse TFC, rinne PIAB nuashonrú ar ár ***gcóras Bainistíochta Éileamh*** in 2015 go leagan le hinrochtaineacht gréasáin. Chomh maith le héifeachtúlachtaí agus feabhsuithe seirbhíse a sholáthar, cinntíodh leis sin gurbh fhéidir na córais Tairsí gréasánbhunaithe nua a thabhairt isteach sna blianta le teacht do ghrúpaí custaiméirí agus do pháirtithe leasmhara.

Mhéadaigh PIAB a chuid acmhainní in 2015 d'fhonn tréchur cásanna a mhéadú a thuilleadh. Rinne sé a chlár ***oiliúna agus forbartha*** maidir lena fhoireann a fheabhsú d'fhonn uasoiliúint agus foghlaim leanúnach a chur chun cinn. Rinne sé athruithe freisin ar phatrúin oibre ar aon dul le riachtanais an ghnólachta agus na bhfostaithe.

## 2016

D'fhoilsigh PIAB an ***Leabhar Candaim*** athbhreithnithe i nDeireadh Fómhair 2016. Agus an Leabhar á uasghrádú, baineadh úsáid as taighde mionsonraithe ar leibhéil na ndamáistí a bhí á n-íoc as díobhálacha pearsanta in Éirinn mar thoradh ar thimpistí i dtaca le trácht bóthair, an áit oibre nó dliteanas poiblí agus leagtar amach raonta na ndamáistí leis atá á n-íoc. Bhí an foilseachán bunaithe ar scrúdú ar shampla ionadaíoch de níos mó ná 51,000 éileamh dúnta um dhíobhálacha pearsanta le linn 2013 agus 2014. Ag an am, ba é sin an anailís is cuimsithí dá cineál a bhí ar fáil go poiblí a cuireadh chun feidhme in Éirinn.

San áireamh leis an Leabhar athbhreithnithe bhí sonraí níos gráinní maidir le cineálacha áirithe díobhálacha, an déine a bhain leo agus raonta iarbhír an chúitimh a bhí á dhámhachtain, chomh maith le cineálacha díobhálacha nua, amhail comhtholgadh, teascadh páirteanna de mhéara, gortuithe dealrachán, neamhoird géag uachtair, agus gortuithe teannán Aichill.

Chuir an Breitheamh Peter Kelly, Uachtarán na hArd-Chúirte, fáilte roimh fhoilsiú an Leabhair Candaim nuashonraithe in 2016, agus dúirt sé: "Soláthrófar sonraí tábhachtacha leis an Leabhar Candaim nua dóibh siúd uile a dhéanann dámhachtainí nó a chomhaontaíonn socraíochtaí i gcásanna díobhálacha pearsanta. Is fíric thar a bheith dearfach í go ndearnadh an foilseachán a nuashonrú, go gclúdaíonn sé díobhálacha níos mó agus go bhfuil mionsonraí níos mó ann. Cé go mbreithnítear ar gach cás ina aonar, beidh an Leabhar Candaim nua thar a bheith úsáideach do bhreithiúna chun cinnteoireacht a threorú maidir le luach damáistí."

### An Grúpa Oibre um Chostas Árachais[2]

I gcoinne cúlra de phréimheanna árachais arda bunaíodh an Grúpa Oibre um Chostas Árachais (CIWG) de chuid na Roinne Airgeadais i mí Iúil 2016 agus Ranna agus gníomhaireachtaí Rialtais ábhartha uile a bhí bainteach á dtabhairt le chéile. Ba é an tasc a bhí ag an CIWG na fachtóirí a iniúchadh a chuidíonn le costas an árachais atá ag dul i méid agus chun na bearta gearrthéarma, meántéarma agus fadtéarma a shainaithint a d'fhéadfaí a thabhairt isteach chun cuidiú le costas árachais a laghdú do thomhaltóirí agus do ghnólachtaí agus an riachtanas chun earnáil árachais atá cobhsaí ó thaobh airgeadais de á chur san áireamh. Is é a bhí i gceist leis an gcéad chéim iniúchadh a dhéanamh ar earnáil an Mhótarárachais. Is é a bhí i gceist leis an dara céim iniúchadh ar earnálacha Árachais Dliteanais Fostóra agus Árachais Dliteanais Phoiblí.

---

2 Tá tuarascálacha an Ghrúpa Oibre um Chostas Árachais de chuid na Roinne Airgeadais ar fáil ag **https://www.finance.gov.ie/what-we-do/insurance/the-cost-of-insurance-working-group/**

Le linn 2016 agus 2017 chuir PIAB riachtanais ***an Chóid athbhreithnithe chun Comhlachtaí Stáit a Rialú*** chun feidhme agus chuir sé na riachtanais chun feidhme a eascraíonn ón reachtaíocht nua um íocaíochtaí prasa.

## 2017

Rinneadh 33 mholadh i dTuarascáil CIWG maidir le Costas Mótarárachais (Eanáir 2017) thar sé réimse agus 71 ghníomhaíocht bhainteach ag gabháil leo lena ndéantar foráil do shoiléire, do chinnteacht agus d'fhollasacht níos mó maidir le costais mhótarárachais. Bhí na moltaí dírithe ar chosaint tomhaltóirí, ar thimpeallacht na n-éileamh um dhíobhálacha pearsanta lena n-áirítear próiseas PIAB a uasmhéadú, follasacht agus calaois. Bhí roinnt de na 33 mholadh dírithe go sainiúil ar PIAB. Tá oifigigh PIAB ina mbaill den CIWG. Bhí PIAB páirteach freisin i ngrúpaí oibre a raibh mar thasc acu Bunachar Sonraí Náisiúnta um Fhaisnéis ar Éilimh a chruthú mar aon le saincheisteanna dlí a iniúchadh a bhaineann leis an earnáil.

I dtéarmaí éileamh um dhíobhálacha pearsanta ba é an tátal a baineadh amach le tuarascáil CIWG maidir le mótarárachas mar a leanas:

- Is ionann dámhachtainí maidir le héilimh um Dhíobhálacha Pearsanta agus comhpháirt shuntasach de shamhail praghsála cuideachta árachais;
- Is ionann éilimh um fhíochán bog agus comhpháirt shuntasach d'éilimh um dhíobhálacha pearsanta (PI);
- Uaireanta bíonn sé deacair chun éilimh um fhíochán bog a dhiagnóisiú; agus
- Ba cheart iniúchadh a dhéanamh ar chineálacha cur chuige lena nasctar diagnóis, cóireáil, prognóis agus dámhachtainí damáistí.

I ndeireadh na dála is iad na cúirteanna a chinneann leibhéal na ndámhachtainí maidir le díobhálacha pearsanta in Éirinn; leanann PIAB na fasaigh a leagtar síos ag na cúirteanna agus bíonn tionchar acu siúd freisin ar an dóigh a socraíonn árachóirí éilimh.

Chomhroinn páirtithe leasmhara a bhí páirteach sa CIWG an imní a bhí acu i dtéarma easpa comhsheasmhachta a bhraitear maidir le leibhéil na ndámhachtainí um dhíobhálacha pearsanta trí shocraíochtaí díreacha idir an árachóir agus an árachaí, PIAB agus na cainéil dhlíthíochta. Trína leithéid d'easpa comhsheasmhachta maidir le leibhéil na ndámhachtainí féadtar dreasachtaí a laghdú chun éilimh a shocrú go luath mar ní bhíonn na páirtithe a bhíonn i gceist cinnte faoi leibhéil iomchuí na ndámhachtainí. Go contrártha, is chun leasa cách úsáid chomhsheasmhach an Leabhair Candaim (BOQ) agus comhaontú luath maidir le leibhéil an chúitimh, agus cúiteamh cóir á sholáthar d'éilitheoirí ar aon dul leis an dlí torta, agus páirtithe freagracha á gcumasú a gcuid dliteanas a réadú ar bhonn tráthúil agus costais choimhdeacha á laghdú.

Is tasc casta é chun dul i ngleic le creat réitithe na ndíobhálacha pearsanta in Éirinn. Cé go ndearna an CIWG réamh-anailís ar roghanna féideartha as a mbaintear úsáid i ndlínsí eile lena bhféadfaí an córas in Éirinn a mhéadú, ba é ceann de na príomh-mholtaí dá chuid go mbunófaí ***an Coimisiún um Dhíobhálacha Pearsanta (PIC)3***[3] in éineacht le pointí gníomhaíochta áirithe le bheith curtha chun feidhme laistigh de fhrámaí ama sainiúla. Ceapadh an Roinn Gnó, Fiontair agus Nuálaíochta mar Cheannasaí/Úinéir maidir le gach ceann de na pointí gníomhaíochta. Cuireadh sé de chúram ar an PIC próisis i ndlínsí eile a iniúchadh agus moltaí a dhéanamh ina leith lena bhféadfaí próiseas na n-éileamh in Éirinn a fheabhsú, agus dámhachtainí idirnáisiúnta um dhíobhálacha pearsanta a thagarmharcáil leo siúd in Éirinn, agus tuairisciú a dhéanamh maidir le samhlacha cúitimh agus réitithe malartacha.

Le tuarascáil CIWG bhí sé réamh-mheasta go ndéanfadh an PIC taighde ar chórais i ndlínsí eile le haghaidh éilimh um dhíobhálacha pearsanta a láimhsiú, go ndéanfadh sé tuairisciú ar chórais ina n-úsáidtear scálaí nó rátáil maidir le díobhálacha fíocháin bhoig, go ndéanfadh sé dámhachtainí idirnáisiúnta a thagarmharcáil agus

3 Tá tuarascálacha an Choimisiúin um Dhíobhálacha Pearsanta ar fáil ag **https://dbei.gov.ie/en/Who-We-Are/Department-Structure/Commerce-Consumer-and-Competition-Division/Personal-Injuries-Commission/Personal-Injuries-Commission.html**

go ndéanfadh sé tuairisciú ar leibhéil chúitimh agus meicníochtaí cúitimh idirnáisiúnta. Moladh inti gur cheart iniúchadh a dhéanamh ar chineálacha cur chuige lena ndéantar diagnóis, cóireáil, prognóis agus dámhachtain damáistí a nascadh go soiléir; ba cheart don PIC samhlacha idirnáisiúnta eile a fhiosrú ach ba cheart dó díriú orthu siúd lena mbaineann feidhm le dlínsí an dlí choitinn, agus go bhféadfadh an PIC réimsí ábhartha eile a scrúdú. Moladh clár oibre céimnithe don PIC agus tugadh breac-chuntas air i dtuarascáil CIWG.

Bunaíodh an Coimisiún um Dhíobhálacha Pearsanta go luath in 2017 nuair a ceapadh an Breitheamh Nicholas Kearns, iar-Uachtarán na hArd-Chúirte, mar chathaoirleach air. I measc chomhaltaí an PIC bhí ionadaithe ó ghairm an leighis, ó lucht an dlí, ón earnáil árachais agus ó ranna agus gníomhaireachtaí an rialtais. Tacaíodh leis an PIC ag rúnaíocht laistigh den Roinn Gnó, Fiontar agus Nuálaíochta. Thiomnaigh PIAB é féin do thacaíocht a sholáthar d’obair an Choimisiúin um Dhíobhálacha Pearsanta. Chomh maith le comhalta a cheapadh chun suí ar an PIC, sholáthair PIAB acmhainní nach beag chun tacú le hobair Rúnaíocht an PIC.

Bhí céad tuarascáil an PIC fócasaithe ar mheasúnuithe ar dhéine cineálacha coiteanna díobhálacha. Trína chuid oibre a chur chun feidhme rinne an PIC méid suntasach taighde agus fócas ar na samhlacha idirnáisiúnta eile sin a raibh feidhm acu le dlínsí an dlí choitinn. Rinneadh taighde freisin ar thíortha lena mbaineann samhlacha dlínsiúla éagsúla. Tar éis machnamh mionsonraithe a dhéanamh, comhaontaíodh próiseas comhairliúcháin foirmiúil agus an cuspóir ann tuairimí a bhailiú ó roinnt príomheagraíochtaí leighis.

### Conclúidí/príomh-mholtaí ó chéad tuarascáil PIC

Mhol an PIC go nglacfadh gairmithe leighis cur chuige caighdeánaithe maidir le díobhálacha fíocháin bhoig (“fuiplasc”) a scrúdú agus go n-úsáidfeadh siad teimpléad tuairiscithe caighdeánaithe chun níos mó comhsheasmhachta a thabhairt isteach maidir le tuairisciú agus diagnóisiú leighis. Ba cheart go mbeadh an cur chuige caighdeánaithe sin ar aon dul le treoirlínte Cliniciúla na hAstráile Theas maidir le bainistíocht dea-chleachtais ar dhíobhálacha Neamhoird a Bhaineann le Fuiplasc (WAD).

Ba cheart an grádú um Neamhord a Bhaineann le Fuiplasc (WAD), an tInnéacs um Míchumas Muiníl (NDI) agus an Scála Analógach Amhairc (VAS) maidir le pian a úsáid sna caighdeáin scrúdaithe agus tuairiscithe nua. Tá úsáid na bprionsabal sin le cur san áireamh i ngach scrúdú agus tuairisciú leighis um fhíochán bog (“fuiplasc”) sa todhchaí, nuair a dhéantar éileamh ar chúiteamh. Ba cheart úsáid aon tástálacha agus uirlisí breise le haghaidh díobhálacha fíocháin bhoig (“fuiplasc”) a scrúdú agus a mheasúnú a fhágáil faoi rogha an ghairmí leighis ag déanamh an scrúdaithe.

Comhaontaítear gur riachtanas dea-chleachtais iad oiliúint agus creidiúnú maidir le tuairisciú um fhíochán bog (“fuiplasc”) dóibh siúd ar mian leo tuarascálacha ábhartha a chomhlánú agus ba cheart iad a sheachadadh d’fhonn comhsheasmhacht agus cáilíocht an tuairiscithe a fheabhsú. Ba cheart a leithéid d’oiliúint agus de chreidiúnú a thabhairt isteach ar dtús mar chuid de chlár oiliúna an liachleachtóra um fhorbairt ghairmiúil leanúnach (CPD) agus ba cheart go ndéanfadh comhlacht gairmiúil/rialála iomchuí maoirseacht air.

Maidir leis na scrúduithe leighis:

a) Ba cheart d’árachóirí a chinntiú go ndéanfar cásanna uile arna gcoimisiúnú acu ó liachleachtóirí sa todhchaí a chomhlánú ar aon dul leis an bhfoirm theimpléid

b Ba cheart do PIAB Foirm B dá chuid a athdhearadh chun an teimpléad caighdeánaithe molta a léiriú.

c) Ba cheart athruithe ar Rialacha na gCúirteanna a bhreithniú óna dteastódh tuarascálacha a tháirgeadh agus an fhormáid chaighdeánaithe á húsáid.

d) Ba cheart úsáid tuarascálacha Leighis caighdeánaithe a chur san áireamh le haon phrótacal réamh-ghníomhaíochta arna fhorbairt maidir le héilimh um dhíobhálacha pearsanta.

Ba cheart do chomhlachtaí leighis gairmiúla treoirlínte a fhoilsiú, a luaithe is féidir, maidir le hoiliúint le húsáid ag gairmithe leighis.

Mhol an PIC freisin gur cheart foilseacháin amach anseo den Leabhar Candaim a nascadh leis na catagóirí scrúdaithe agus tuairiscithe caighdeánaithe nua um dhíobhálacha i.e. díobhálacha fíocháin bhoig "fuiplaisce"/ scálaí QTF WAD. Bhí sé molta i dtuarascáil an Ghrúpa Oibre um Chostas Árachais gur cheart toradh obair an PIC a thabhairt san áireamh leis an gcéad athbhreithniú eile ar an Leabhar Candaim. Leis an moladh tugtar toradh thuarascáil bhunaidh an PIC chun suntais i dtéarmaí a hiarmhairt ionchasach ar an gcéad athbhreithniú eile sin ach i ndáiríre cuireadh an Dara Tuarascáil, an Tuarascáil Dheireanach, de chuid an PIC ina ionad – féach thíos.

Faoi dheireadh, moladh sa chéad tuarascáil de chuid an PIC gur cheart do chomhlachtaí iomchuí sonraí ábhartha faoi dhíobhálacha a chomhthiomsú agus a fhoilsiú.

Ba phríomhfhorbairt í seoladh ***Thairseach do Dhlíodóirí PIAB*** in 2017 mar aon lena forbairt bhreise in 2018. Baineann buntáistí tábhachtacha leis an tseirbhís gréasáin sin do pháirtithe uile i dtéarmaí éifeachtúlachtaí agus coigiltis maidir le costais phróiseála.

Is ardán slán gréasán-bhunaithe í ina bhféadann úsáideoirí údaraithe rochtain a fháil ar fhaisnéis a bhaineann le héilimh a gcliaint agus dul i dteagmháil le PIAB. Soláthraítear tairbhí leis an tseirbhís lena n-áirítear: Rochtain do dhlíodóirí ar fhaisnéis fhíorama maidir le héilimh; Saoráid chun monatóireacht a dhéanamh ar dhul chun cinn maidir le hiarratais ar éilimh; An cumas doiciméid a uaslódáil/íoslódáil go gasta agus go héasca agus costais phoist agus stóráil pháipéir á laghdú go suntasach.

Rinneadh athfhorbairt freisin ar ***láithreán gréasáin*** PIAB. Tá an láithreán oiriúnach d'úsáid mhóibíleach agus do ghairis mar tháibléid agus tá sé follasach maidir le ról neamhspleách agus cóir an Bhoird trí fhaisnéis a sholáthar d'éilitheoirí agus dóibh siúd a ndéantar éilimh ina gcoinne (freagróirí) leis an tábhacht chéanna, agus trí fhaisnéis a sholáthar freisin do ghairmithe dlí agus do ghairmithe leighis. Ba é sin mar thoradh ar úsáid fhéiniúlacht PIAB i gcomhfhreagrais uile agus ar úsáid shiombail na cláirsí de chuid an Rialtais chun difríocht a dhéanamh idir obair PIAB mar eagraíocht Stáit agus gnólachtaí láimhsithe éileamh tráchtála.

Mar thoradh ar uasghrádú ar ***chórais aer-chóirithe agus soilsithe*** a cuireadh i gcrích in 2017 i bhfoirgneamh PIAB i dTeach an Arbhair, Tamhlacht, bhí éifeachtúlachtaí ann mar aon le coigilteas costas. Áiríodh leis an obair athchóiriú ginearálta ar na hoifigí. Rinneadh sin a éascú trí athlonnú sealadach foirne agus córas chuig foirgneamh eile i dTamhlacht.

## 2018/2019

### *An dara tuarascáil CIWG agus cur i bhfeidhm na moltaí dá cuid ag PIAB*

Foilsíodh Tuarascáil an Ghrúpa Oibre um Chostas Árachais (CIWG) maidir le Costas Árachais Dliteanais Fostóra agus Dliteanais Phoiblí i mí Eanáir 2018. Déantar 15 mholadh sa tuarascáil agus tá 29 ngníomhaíocht bhainteacha ann atá le cur chun feidhme. Sonraítear na moltaí agus na gníomhaíochtaí i bplean gníomhaíochta atá sa tuarascáil lena mbaineann amlínte comhaontaithe le haghaidh an chur chun feidhme. Áirítear gníomhaíochtaí leis na moltaí, lena gclúdaítear trí phríomh-théama, chun na nithe a leanas a dhéanamh:

- Follasacht a mhéadú: leibhéil na follasachta a mhéadú agus próisis comhroinnte agus bailithe sonraí a fheabhsú
- Athbhreithniú a dhéanamh ar leibhéil na ndamáistí i gcásanna díobhálacha pearsanta: iarr ar an gCoimisiún um Athchóiriú an Dlí chun anailís mhionsonraithe a dhéanamh ar an bhféidearthacht de reachtaíocht atá fónta ó thaobh na bunreachta de a fhorbairt chun méideanna na ndamáistí a theorannú nó a chaidhpeáil a bhféadfadh cúirt iad a dhámhachtain maidir le roinnt catagóirí nó catagóirí uile de dhíobhálacha pearsanta.
- An creat dlíthíochta um dhíobhálacha pearsanta a fheabhsú: trí roinnt beart, eadhon:
    - Ag cinntiú go gcuirtear in iúl do chosantóirí ionchasacha in am go leor gur tharla teagmhas a ndéanfar éileamh i gcoinne an pholasaí árachais dá gcuid ina leith;
    - Dul i ngleic le héilimh chalaoiseacha nó áibhéalacha;

- Ag cinntiú go mbíonn oiliúint agus tacaí faisnéise oiriúnacha ar fáil do na breithiúna chun cuidiú le measúnú agus dámhadh cóir agus comhsheasmhach damáistí i gcásanna díobhálacha pearsanta.

Bhí 2 ghníomhaíocht shainiúla a tháinig chun cinn maidir le PIAB – ceann amháin a bhain le feasacht níos mó a chinntiú i measc a chustaiméirí maidir le hoibleagáidí um éilimh a chur in iúl faoin Acht um Dhliteanas Sibhialta agus Cúirteanna 2004, agus an ceann eile a bhain le tuarascáil chuig an Roinn maidir le fráma ama chun imeachtaí a thionscnamh/cásanna a shocrú tar éis measúnú PIAB a dhiúltú. Cuireadh an dá mholadh i bhfeidhm in am. I ndeireadh ná dála, beidh iarmhairt ag aon athruithe a thagann chun cinn ó fheidhmiú moltaí lena bhféadfaí tionchar a imirt ar an dóigh a ndéantar damáistí um dhíobhálacha pearsanta a mheasúnú ar oibriú phróiseas an Bhoird.

Chuir PIAB tionscadal mór ullmhachta 8 mí i bhfeidhm chun ullmhú do theacht i bhfeidhm an ***Rialacháin Ghinearálta um Chosaint Sonraí.*** Rinneadh an tionscadal ullmhachta a threorú ag anailís le sainchomhairleoirí neamhspleácha um príobháideachas sonraí, trína ndearnadh aon réimsí breise a shainaithint a bheidh le clúdach ag beartais, nósanna imeachta agus cleachtas PIAB. Rinneadh gach ceann de bheartais agus de nósanna imeachta PIAB um próiseáil sonraí agus príobháideachas sonraí a athbhreithniú agus a nuashonrú nuair ba ghá leis sin, d'fhonn ullmhacht a chinntiú do chur i bhfeidhm an Bhille um Chosaint Sonraí i mBealtaine 2018.

### Dara Tuarascáil, an Tuarascáil Dheireanach, de chuid an Choimisiúin um Dhíobhálacha Pearsanta

Pléitear sa Dara Tuarascáil, an Tuarascáil Dheireanach, le tagarmharcáil leibhéil dámhachtainí um dhíobhálacha pearsanta in Éirinn i gcoinne dámhachtainí i Sasana agus sa Bhreatain Bheag agus le scrúdú ar shamhlacha cúitimh agus réitithe malartacha i ndlínsí eile.

#### *Príomhthorthaí na Tuarascála*

- Nochtadh leis an gcleachtadh tagarmharcála go ritheann leibhéal na ndamáistí ginearálta maidir le héilimh i dtaca le díobhálacha fíocháin bhoig ("fuiplasc") sa dlínse seo ag iolraí de 4.4 oiread leibhéal ár gcomharsan is deise, Sasana agus an Bhreatain Bheag.
- Tá an t-iolraí a tháinig chun cinn sa chleachtadh tagarmharcála chomh mór sin go bhfuil an PIC sásta go bhfuil gá le freagairt atá éifeachtach agus insroichte sa tréimhse is giorra. Is freagairt í, i bhfoirm príomh-mholta sa tuarascáil, lena leantar sampla na hidirghabhála breithiúnaí a tharla i dTuaisceart Éireann agus sa Ríocht Aontaithe, eadhon tabhairt isteach Treoirlínte Breithiúnacha do na breithiúna.
- Creideann an PIC go soláthraítear deis uathúil le bunú Chomhairle Breithiúna na hÉireann atá ar tí tarlú chun a leithéid de threoir a iarraidh agus a aimsiú do bhreithiúna maidir le damáistí ginearálta a mheas do dhíobhálacha pearsanta. Le Treoirlínte Breithiúnacha ba cheart go mbeadh leibhéil mhéadaithe na comhsheasmhachta maidir le dámhachtainí ann mar thoradh orthu agus go ndéanfaí éilimh a réiteach go luath ar bhonn níos minice agus ar an mbealach sin costais a laghdú. Is í an tuiscint atá ag an PIC go ndéanfar an Bille um Chomhairle na mBreithiúna a achtú roimh dheireadh na bliana.

Is é an príomh-mholadh is ábhartha do PIAB go molann an PIC go n-iarrfadh an tAire Dlí agus Cirt agus Comhionannais ar Chomhairle na mBreithiúna, tar éis di a bheith bunaithe, chun treoirlínte a chomhthiomsú maidir le damáistí ginearálta iomchuí do chineálacha éagsúla díobhálacha pearsanta. Creideann an PIC go gcuirfidh Comhairle na mBreithiúna dlí-eolaíocht na Cúirte Achomhairc san áireamh, agus na treoirlínte á gcomhthiomsú aici, mar aon le torthaí chleachtadh tagarmharcála an PIC, scála WAD (an scála um Neamhord a Bhaineann le Fuiplasc arna bhunú ag Tascfhórsa Québec) agus fachtóirí ar bith eile a mheasann sí le bheith ábhartha. Is féidir le Comhairle na mBreithiúna, agus na treoirlínte nua á dtáirgeadh aici, leas a bhaint as cúnamh, de réir mar is iomchuí, ón mBord Measúnaithe Díobhálacha Pearsanta (PIAB) agus ó pháirtithe leasmhara ábhartha eile. Molann an PIC go ndéantar athbhreithniú ar na treoirlínte ag idirthréimhsí rialta, mar shampla gach trí bliana. Mar thúsphointe molann an PIC athchalabrú breithiúnach ar threoirlínte reatha an Leabhair Candaim.

Mar thoradh ar an moladh sin, d'fhéadfadh leasuithe reachtacha ina dhiaidh seo a bheith de dhíth ar an Acht um Dhíobhálacha Pearsanta 2003 maidir le baint fhreagracht reachtúil PIAB chun an Leabhar Candaim a chomhthiomsú agus chomh maith leis sin maidir leis an bhforáil san Acht um Dhliteanas Sibhialta agus Cúirteanna 2004 ar cheart í a leasú chun a rá "go dtabharfaidh an chúirt aird, agus damáistí á measúnú i gcaingean um dhíobhálacha pearsanta, do na treoirlínte arna dtáirgeadh ag Comhairle na mBreithiúna".

Creideann an PIC go mbainfear leibhéal comhsheasmhachta níos mó amach in Éirinn go luath amach anseo leis an gcur chuige foriomlán sin maidir le damáistí ginearálta a mheasúnú.

Sa chás go mbeidh aon mhoill ar bhunú Comhairle na mBreithiúna creideann an PIC gur cheart don Fheidhmeannas, mar shocrú teagmhasach, creat foirmiúil a bhunú, agus PIAB san áireamh leis, chun na breithiúna a chumasú treoirlínte a chur le chéile roimh na spriocdhátaí athnuachana don chéad Leabhar Candaim eile.

Tugadh easpa códaithe chomhsheasmhaigh agus mhionsonraithe ar fud an tionscail chun suntais leis an tuarascáil freisin maidir le sonraí um dhíobhálacha. Dá réir sin, molann an PIC go mbreithníonn árachóirí agus páirtithe ábhartha eile ar an gcóras códaithe chéanna a ghlacadh atá aitheanta ar bhonn idirnáisiúnta. Moltar gurb é an córas iomchuí le húsáid córas ICD-10 de chuid na hEagraíochta Domhanda Sláinte. Is é ICD an córas idirnáisiúnta le haghaidh galair agus riochtaí sláinte a thuairisciú agus an caighdeán rangaithe dhiagnóisigh chun críocha cliniciúla agus taighde uile. Ghlac PIAB leis an gcóras sin cheana féin.

Tacaíonn PIAB leis na moltaí i dtuarascáil an PIC mar aon le feidhmiú na ngníomhaíochtaí atá inti. Bhíomar i gcónaí i bhfách leibhéil dámhachtainí cúitimh chomhsheasmhacha d'fhonn córas cúitimh um dhíobhálacha pearsanta a bhaint amach in Éirinn a bheadh inbhuanaithe agus intuartha. Is gnéithe tábhachtacha iad soiléire agus comhsheasmhacht mhéadaithe maidir le leibhéil cúitimh i dtaca le díobhálacha de chlár athchóirithe níos leithne sa tionscal árachais.

Bhí ról ríthábhachtach ag feidhmeannaigh agus foireann PIAB ar iasacht do rúnaíocht ***an Choimisiúin um Dhíobhálacha Pearsanta (PIC)***, agus iad ag obair leis an Roinn Gnó, Fiontar agus Nuálaíochta agus le páirtithe leasmhara eile, chun staidéar tagarmharcála idirnáisiúnta agus tuarascáil dheiridh PIAB a thabhairt chun críche agus a fhoilsiú, agus ar obair maidir le moltaí na tuarascála a chur i bhfeidhm.

## Cur i bhfeidhm mholtaí an PIC ag PIAB

De bhun na moltaí ón gcéad tuarascáil de chuid an PIC rinne PIAB a thuarascáil leighis a athdhearadh agus rinne sé í a scaipeadh ar bhonn céimneach chuig liachleachtóirí uile phainéal leighis neamhspleách PIAB. Chuaigh PIAB i dteagmháil freisin leis an tionscal árachais chun cuidiú leis an teimpléad a chur i bhfeidhm ar bhonn céimneach.

Mhol an PIC freisin go gcuirfí oiliúint agus creidiúnú chun cinn do ghairmithe leighis a chomhlánaíonn tuarascálacha leighis um dhíobhálacha pearsanta. Ba cheart go mbeadh sé sin ina 'Dhea-chleachtas' agus ba cheart oiliúint a thabhairt isteach ar leibhéal na forbartha gairmiúla leanúnaí (CPD).

Ba cheart dóibh siúd uile a bhfuil baint acu le tuarascálacha a choimisiúnú a chinntiú go n-úsáidtear gairmithe leighis creidiúnaithe chun na tuarascálacha leighis um dhíobhálacha pearsanta dá gcuid a chomhlánú, a luaithe agus a bheidh na cláir oiliúna agus chreidiúnaithe ábhartha i bhfeidhm. Áirítear leis sin Baill de Phainéal PIAB a chomhlánaíonn tuarascálacha leighis um dhíobhálacha pearsanta.

Bhí PIAB ag obair go gníomhach le comhlachtaí gairmithe leighis i dtéarmaí na bhfreagrachtaí dá gcuid mar thoradh ar mholtaí an PIC chun clár oiliúna oiriúnach a fhorbairt do ghairmithe leighis. Rinneadh dul chun cinn maidir leis sin lenar áiríodh ceardlann um ghortuithe an mhuiníl ar a raibh tinreamh maith mar chuid de chlár oiliúna geimhridh (2018) ICGP (Coláiste Dhochtúirí Teaghlaigh Éireann) agus láithreoireacht ag PIAB ag Comhdháil Oiliúnóirí Náisiúnta ICGP (Márta 2019).

Mar fhreagairt ar mholadh i gcéad tuarascáil an PIC d'fhoilsigh PIAB faisnéis mhionsonraithe ag deireadh 2018 a bhain le minicíocht agus le costas éileamh a bhaineann le fíochán bog 'fuiplaisce'. Comhthiomsaíodh an fhaisnéis sin agus ***córas rangaithe sonraí nua*** á úsáid lena ndearnadh tagairt do chóras ICD-10 na hEagraíochta Domhanda Sláinte atá aitheanta go hidirnáisiúnta lena ndéanfar anailís níos mó a éascú ar na cineálacha díobhálacha a fhulaingítear i dtimpistí a mbíonn éilimh um dhíobhálacha pearsanta ina dtoradh orthu.

Thosaigh an ***Tairseach Gréasáin do Dlíodóirí*** líon suntasach úsáideoirí a tharraingt ó lucht an dlí le linn 2018 agus isteach in 2019. Tharla comhairliúchán agus cumarsáid leanúnach. Is ardán daingean an Tairseach Gréasáin lena mbaineann tairbhí móra i dtéarmaí an chórais próiseála éileamh fhoriomláin agus do dhlíodóirí a úsáideann an tsaoráid.


## Éifeachtúlacht fuinnimh

Mar ghníomhaireacht san earnáil phoiblí, táimid lán-tiomanta dár bpáirt a ghlacadh maidir le spriocanna éifeachtúlachta fuinnimh (laghdú) 33% a bhaint amach ón mbliain bhunlíne 2009 go dtí 2020. Amhail Nollaig 2018, bunaithe ar fhigiúirí a tugadh d'Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann (SEAI), bhaineamar amach feabhsú 63.4% ón mbunlíne.

In 2018, d'ídigh PIAB 150,503 KWh fuinnimh, in úsáid leictreachais amháin; ba é seo an chéad uair iomlán d'ídiú leictreachais ó rinneadh na hoibreacha athchóirithe. Is ionann úsáid 2018 ina hiomláine agus laghdú 36,897KWh ar úsáid 2017.

Glacann PIAB páirt i gcomhaontú creatlaí chun leictreachas a sholáthar arna fháil go lárnach ag an Oifig um Sholáthar Rialtais.

Tá PIAB feasach ar a chuid freagrachtaí maidir le saincheisteanna inbhuanaitheachta. Chuireamar roinnt tionscnamh glas i bhfeidhm lena n-áirítear úsáid iompair phoiblí ag an bhfoireann a chur chun cinn faoin scéim um choigilteas cánach, rochtain don fhoireann ar scéim um rothaíocht chun na hoibre, úsáid gabhdán athchúrsála agus bearta éifeachtúlachta fuinnimh lena n-áirítear soilse arna ngníomhachtú ag braiteoirí a shuiteáil in oifigí.



# Caibidil **2:**

## An Timpeallacht reatha – dúshláin agus deiseanna

Chonacthas fócas an-láidir sna cúig bliana seo a chuaigh thart ar thimpeallacht na ndíobhálacha pearsanta in Éirinn. Le linn na mblianta sin théarnaigh geilleagar na hÉireann de réir a chéile ón gcúlú eacnamaíochta agus chonacthas méaduithe san fhostaíocht, in infheistíocht isteach agus i ngníomhaíocht eacnamaíoch a bhí ag teastáil go géar. Rinneadh athrú mór ar an tionscal árachais agus bhí luaineacht shuntasach ann i dtéarmaí brabúsachta san earnáil chomh maith le méaduithe suntasacha i leibhéil na bpréimheanna arna ngearradh ar thomhaltóirí, ar ghnólachtaí, ar eagraíochtaí pobail, ar údaráis áitiúla agus ar dhaoine eile.

Díríodh fócas poiblí suntasach ar chostas árachais de réir mar a mhéadaíodh meánphraghas préimheanna mótarárachais faoi 70% idir 2013 agus 2016. Thuairiscigh gnólachtaí ina dhiaidh sin go raibh préimheanna árachais dhliteanais ag ardú as éadan.

Tá méaduithe ar phréimheanna i bhfad níos mó ná treochtaí AE agus tá easaontacht fianaise ann maidir leis na cúiseanna. Cé gur tharla laghdú ar phréimheanna mótarárachais ó shin, leanann ionadaithe tomhaltóirí agus gnólachtaí le himní shuntasach a léiriú faoi iarmhairt an chostais sin ar thomhaltóirí, ar an ngeilleagar agus ar iomaíochas.

Rinneadh anailís nach beag ar na cúiseanna le préimheanna árachais atá ag dul i méid agus chuir an CIWG agus an PIC araon moltaí ar aghaidh chun tabhairt faoi na cúrsaí sin. Cé go ndearnadh roinnt moltaí a fheidhmiú tá an cás maidir le hárachas dliteanais in earnálacha áirithe criticiúil anois. Dá réir sin tá sé ríthábhachtach go gcuirtear gach moladh atá fágtha i bhfeidhm agus maidir leis sin leanfaidh PIAB lena ról a imirt de réir mar is gá.

### Príomhról a imirt in athchóiriú

Mar chomhlacht Stáit neamhspleách tá PIAB i suíomh uathúil chun léargas a sholáthar ar nádúr, ar chúiseanna agus ar athruithe maidir le fachtóirí a théann i bhfeidhm ar an earnáil. Mar gheall air sin, bhíomar in ann moltaí a dhéanamh agus comhthéacs a sholáthar maidir le hathruithe ar an dóigh a n-oibríonn an earnáil.

Chuidigh PIAB ar dhóigh shuntasach leis an CIWG agus leis an PIC araon trínár n-ionadaíocht ar na comhlachtaí sin agus trí fhaisnéis agus trí thacaíocht a sholáthar, agus trí na moltaí éagsúla a chur i bhfeidhm go gníomhach freisin arna ndéanamh ag na comhlachtaí sin a bhaineann le PIAB. Seachadadh na moltaí uile ón CIWG agus ón PIC a bhí le cur i bhfeidhm ag PIAB. Sa bhreis ar bheith freagrach go díreach as moltaí an Ghrúpa Oibre um Chostas Árachais a chur i bhfeidhm, bhí dlúthbhaint ag PIAB leis an nGrúpa Oibre um Chostas Árachais agus le moltaí eile a fheidhmiú mar a leanas:

- An Fo-ghrúpa Sonraí: Bhí foireann PIAB páirteach san fho-ghrúpa beag um shonraí atá de chúram air raon feidhme an Bhunachair Sonraí Náisiúnta nua um Fhaisnéis ar Éilimh (NCID) a fhorbairt. Tá an grúpa sin bainteach freisin leis an raon feidhme a mheas do reachtaíocht a theastaíonn chun an NCID a chur ar bun go reachtúil, agus le teagmháil a dhéanamh freisin leis an tionscal árachais chun sonraí/faisnéis cothrom le dáta agus rialta a aimsiú roimh fhorbairt an NCID.
- An fo-ghrúpa dlí: Ghlac foireann PIAB páirt i bhfo-ghrúpa dlí a bunaíodh sa dara céim d’obair an CIWG agus a cuireadh isteach ar bhonn suntasach sa dara tuarascáil de chuid an CIWG. Rinne an grúpa sin scrúdú fairsing ar thimpeallacht na ndíobhálacha pearsanta agus cuirfidh na moltaí dá chuid leis na moltaí a tháinig as an gcéad tuarascáil ón CIWG.

- An Coimisiún um Dhíobhálacha Pearsanta (PIC): Bhí PIAB ionadaithe ar an PIC trí bhallraíocht agus trí rannpháirtíocht araon i Rúnaíocht an PIC. Chuireamar cúnamh praiticiúil ar fáil freisin don PIC trí bheirt ball foirne ag a raibh seantaithí a thabhairt ar iasacht le linn 2017 agus 2018.

Chuir PIAB fáilte mhór roimh thuarascálacha an Choimisiúin um Dhíobhálacha Pearsanta (PIC) agus creideann sé gurb ionann iad agus deis chun mórathrú a dhéanamh i dtaca leis an gcóras cúitimh um dhíobhálacha pearsanta in Éirinn a fheabhsú.

Tá tuiscint ar dhinimic an mhargaidh éileamh lárnach i leasanna tomhaltóirí a chosaint. Ó bunaíodh an Bord tá léargas uathúil faighte aige ar nádúr, ar chúiseanna agus ar réiteach éileamh agus ar na fachtóirí agus ar na páirtithe leasmhara a mbíonn tionchar acu orthu. Chuir sé seo, ar a sheal, ar chumas an Bhoird aghaidh a thabhairt go réamhghníomhach ar athruithe, agus chun iad a mholadh, ar mhaithe le leas an phobail lena n-áirítear iad seo a leanas:

## Reachtaíocht a leasú

Níos luaithe sa bhliain seo chuir PIAB fáilte roimh rith an Achta um Bord Measúnaithe um Dhíobhálacha Pearsanta (Leasú), 2019. Trí na hathruithe arna dtabhairt isteach leis an Acht sin, chomh maith le feidhmiú chlár oibre níos leithne an Rialtais maidir le hathchóiriú árachais, neartaítear oibriú PIAB agus déantar a shamhail ísealchostais a fheabhsú. I ndeireadh na dála ba chóir go mbeadh tairbhí ina dtoradh air sin do ghnólachtaí agus do thomhaltóirí.

Tríd an reachtaíocht tabharfar faoin gcás nuair nach gcomhoibríonn mionlach d’éilitheoirí le próiseas PIAB go háirithe maidir le freastal ar scrúduithe leighis neamhspleácha d’fhonn measúnú cruinn agus faoi dheireadh measúnú díobhálacha a éascú. Mura bhfreastalaíonn éilitheoirí ar scrúduithe leighis nó má sholáthraíonn siad faisnéis neamhiomlán agus éileamh á dhéanamh acu, de réir na reachtaíochta leasaithe má théann an t-éileamh sin chuig an gCúirt, is féidir leis an gCúirt sin a thabhairt san áireamh agus féadtar cinneadh maidir le costais a dhéanamh i gcoinne an éilitheora.

Le hAcht PIAB éascaítear feabhsuithe agus éifeachtúlachtaí maidir le seirbhísí atá á dtabhairt isteach ag PIAB, lena n-áirítear úsáid níos mó na teicneolaíochta a chumasú.

Sa bhreis air sin, tugtar leasuithe teicniúla isteach leis an Acht chun saincheisteanna a shoiléiriú a bhaineann le Reacht na dTréimhsí i.e. nuair a chuirtear freagróirí breise le próiseas PIAB.

## Beartas poiblí a threorú

Le sonraí an Bhoird cuirtear ar a chumas faisnéis a sholáthar go hoibiachtúil ar chúrsaí ar mhaithe le leas an phobail. Déantar é sin trí fhaisnéis a fhoilsiú go bliantúil maidir le líon agus luach na ndámhachtainí, líon na n-éileamh agus faisnéis chomhiomlán eile de réir contae agus de réir raon na ndámhachtainí. Níos déanaí sholáthair sé faisnéis níos mionsonraithe maidir le nádúr na ndíobhálacha a fulaingíodh (e.g. ‘fuiplasc’) agus maidir le fachtóirí is cúiseanna leo. Sa bhreis air sin tháirg PIAB faisnéis luachmhar maidir le miondealú na gcineálacha d’úsáideoirí bóithre a mbíonn baint acu le héilimh um dhíobhálacha pearsanta a bhaineann le gluaisteáin.

## Feidhmeanna níos leithne a bhaineann le samhail neamhsháraíochta an Bhoird

Tá ról luachmhar le himirt ag an mBord i gcur chun cinn fheidhmiú na samhla neamhsháraíochta i gcás go bhfágfadh a leithéid go mbeadh torthaí feabhsaithe agus/nó seachadadh níos éifeachtúla mar thoradh air. Is cuid dár bhfócas maidir leis sin chun a chinntiú go mbíonn lucht ceaptha beartas ar an eolas faoi na tairbhí ar féidir le samhail an Bhoird a thabhairt do réimsí atá ann cheana lasmuigh de shainchúram an Bhoird nó do scéimeanna cúitimh nua d’fhéadfadh an Rialtas a cheadú sa todhchaí.

## Teicneolaíocht faisnéise agus meáin shóisialta a úsáid

Ó bunaíodh PIAB chonacthas glacadh fairsing cainéal leictreonach ag tomhaltóirí agus ag gnólachtaí. Déanann líon mór daoine teagmháil le heagraíochtaí agus le soláthraithe seirbhíse trína bhfóin chliste, trína dtáibléid nó trína ríomhairí. Cé go bhfuil gá leanúnach fós ann chun teagmháil a dhéanamh ar an teileafón agus i bhfoirmeacha páipéir, tá sé sin ag laghdú. Cruthaítear deis leis sin chun daoine a spreagadh seirbhís PIAB a úsáid go díreach. Mar fhreagairt air sin, tá láithreán gréasáin nua PIAB éasca le húsáid ar fhón móibíleach agus ní bhaineann aon ghrafaic leis, rud a chiallaíonn gur féidir é a úsáid níos gasta. Leanfar tabhairt isteach na foirme iarratais ar líne móide an Tairseach do Dhlíodóirí le digitiú an phróisis leighis. Leis an méid sin uile spreagfar úsáid shamhail PIAB agus seachadadh tairbhí i dtéarmaí éifeachtúlachta.


## Nádúr athraitheach na hoibre

Mar gach fostóir tá PIAB ag déanamh machnamh leanúnach ar nádúr athraitheach na hoibre. Níos mó ná riamh tá na teicneolaíochtaí agus scileanna éagsúla agus broidiúla atá in úsáid ag cur isteach ar nádúr na hoibre. Cuimsítear leis freisin an fheasacht atá ag dul i méid ar thábhacht na hoibre buíne agus an chomhoibrithe. Níos mó ná riamh baineann sé leis an gcaidreamh idir an obair agus saol lasmuigh den obair, lena n-áirítear thar aon rud eile, freagrachtaí tuismitheoirí agus cúraim. Teastaíonn bealaí oibre nua chun dul i ngleic le dúshláin agus deiseanna na réimsí thuas agus tá PIAB feasach air sin agus cinnteoidh sé go bhfuil sé ullmhaithe ina leith.

D'fhreagair PIAB cheana féin d'úsáid teicneolaíochtaí nua ach déanfar forbairt bhreise sa réimse sin. D'fhreagair PIAB freisin le patrúin oibre láraithe ar an bhfostaí lena n-áirítear obair sholúbtha nuair is féidir.

## Líon na n-éileamh thar na 5 bliana seo a chuaigh thart

### Figiúr 1



I dtréimhse ár bPlean Straitéisigh dheireanaigh méadaíodh líon foriomlán na n-éileamh ó 31,576 in 2014 go 34,056 in 2016 sular laghdaíodh iad go 33,114 in 2017 agus go 33,371 in 2018. I réimse an mhótarárachais go háirithe, is dócha gur tharla laghdú sna díobhálacha tar éis na bhfeabhsuithe i dteicneolaíocht na sábháilteachta i bhfeithiclí. Cuireadh 18,994 éileamh ar mhótarárachas isteach chuig PIAB in 2014 agus cuireadh 18,564 éileamh isteach chuig PIAB in 2018.


Méadaíodh éilimh um Dhliteanas Fostóra ó 4,368 in 2014 go 6,141 in 2018 agus méadaíodh éilimh um Dhliteanas Poiblí ó 8,214 éileamh in 2014 go 8,666 in 2018.

Féadtar gurbh é fachtóir san athrú ar éilimh um Dhliteanas Fostóra ó 2014 ná an méadú i bhfostaíocht de réir mar a théarnaigh an geilleagar ón gcúlú eacnamaíochta sna blianta roimhe sin. Tá an méadú ar éilimh um Dhliteanas Poiblí ar aon dul le haiseolas ó ghnólachtaí agus ó údaráis áitiúla.

Táthar ag súil thar na cúig bliana atá le teacht go mbeadh líon na n-éileamh ar aon dul ar an iomlán leis na leibhéil a chonacthas thar na blianta 2014-2018.

## Atreorú líon na n-éileamh arna socrú roimh ré ó árachóirí

Thar na blianta bhí luaineacht i líon na n-éileamh nuair a thoilíonn árachóirí d'úsáid chóras PIAB. D'fhéadfadh fachtóirí éagsúla a bheith ina gcúis leis na fachtóirí taobh thiar den luaineacht sin. Mar shampla d'fhéadfadh tionchar a bheith ag athruithe ar tháille an fhreagróra arna gearradh ar árachóirí ar ráta an toilithe do phróiseas measúnaithe PIAB (laghdaíodh an táille go €600 in 2013). Ar an taobh eile, d'fhéadfadh árachóirí áirithe a bheith ag díriú ar shocrú luath agus príobháideach le héilitheoirí sula dtagann éileamh faoi bhráid PIAB. Ní féidir an fhaisnéis dheimhneach iomlán a fháil maidir le líon foriomlán na n-éileamh gan rochtain ar shonraí freagróra/comhlachta árachais ar líon gach éileamh díobhála pearsanta a rinneadh lena n-áirítear iad siúd a dhéantar a shocrú lasmuigh de phróiseas an Bhoird. Tá bearnaí fós ann sna sonraí ar fud an mhargaidh agus sna ceithre bliana seo a chuaigh thart ghlaoigh PIAB arís ar fhollasacht níos mó sna sonraí ar fud mhargadh an árachais ionas gur féidir tuiscint níos iomláine a fháil ar na fachtóirí a théann i bhfeidhm ar phréimheanna d'fhonn beartas a threorú. Ag féachaint ar aghaidh sna 5 bliana le teacht tá an scéal foriomlán maidir le timpeallacht na n-éileamh fós doiléir. Táthar ag súil, nuair a bheidh an Bunachar Sonraí Náisiúnta um Fhaisnéis ar Éilimh faoi lánseol in éineacht leis an mBanc Ceannais, go soláthrófar tuiscint níos fearr ar oibriú an mhargaidh árachais/éileamh níos leithne. Ina sheal féin, soláthrófar deiseanna níos fearr don lucht ceaptha beartas leis sin chun cinntí beartais eolacha a dhéanamh. Dá chion féin ní mór do PIAB é féin a shuí ar bhealach ionas gur féidir leis freagairt go dearfach d'athruithe beartais ar bith.



# Caibidil **3:**

## An Timpeallacht reatha – dúshláin agus deiseanna

Tá an Bord Measúnaithe Díobhálacha Pearsanta anois ina eagraíocht bhunaithe laistigh de thírdhreach na ndíobhálacha pearsanta. Sna caibidlí roimhe seo léirítear an rath atá bainte amach ag PIAB i dtaca le samhail mhalartach neamhsháraíochta a sholáthar chun éilimh um dhíobhálacha pearsanta a réiteach agus, ag an am céanna, leibhéil reatha cúitimh á ndámhachtain.

Tá aschur comhsheasmhach curtha ar fáil ag an mBord go díreach trí dhámhachtainí a rinneadh nó go neamhdhíreach trí réiteach díreach luath ar éilimh a éascú. Trí éabhlóid leantach a dhéanamh, trí éifeachtúlachtaí níos mó a lorg agus trí fheabhas a chur ar ár bpróisis, tá seirbhís chost-éifeachtach éifeachtúil curtha ar fáil againn.

Leis an ngá leanúnach sa tsochaí chun tabhairt faoi chostas éileamh, tá ról PIAB níos riachtanaí ná riamh.

Ar ndóigh is cuid lárnach de ghníomhaíochtaí beartaithe PIAB sa tréimhse go dtí 2024 ardcháilíocht, éifeachtúlacht agus iontaofacht na n-oibríochtaí a choimeád.

Sa bhreis air sin, ag leanúint ón bpróiseas comhairliúcháin don Phlean Straitéiseach seo agus mar thoradh ar aiseolas ó laistigh den eagraíocht, tá príomhchuspóirí eile ann óna dteastaíonn béim lena n-áirítear na tairbhí a thabhairt chun suntais a bhaineann le húsáid mhéadaithe shamhail an Bhoird, fócas dian ar theicneolaíocht nua agus ar chainéil dhigiteacha, ár gcumas oibríochtúil a fheabhsú, agus an tairbhe a ghiaráil a bhaineann le sonraí comhiomlánaithe a fhoilsiú.

### Achoimre ar na príomhthéamaí a eascraíonn ó chomhairliúchán le páirtithe leasmhara maidir leis an bPlean Straitéiseach:

Ar an iomlán taispeánadh leis an gcomhairliúchán le páirtithe leasmhara lena ndearna muid teagmháil mar chuid d’ullmhúchán chéad Phlean Straitéiseach eile an Bhoird go raibh tacaíocht leathan ann d’obair PIAB, agus don rannchuidiú rathúil dá chuid.

- Bhí tacaíocht ann do na cuspóirí straitéiseacha uile roimhe seo (2014-2019) agus go háirithe don chuspóir de rannchuidiú dearfach a dhéanamh le timpeallacht na n-éileamh.
- Chuir roinnt páirtithe leasmhara fáilte roimh dhigitiú méadaithe sheirbhís PIAB.
- Aithníodh an dea-chaidreamh idir PIAB agus na príomhpháirtithe leasmhara seachtracha dá chuid. Braitheadh go ginearálta go raibh PIAB ag oibriú go héifeachtach.
- Léirigh roinnt páirtithe leasmhara imní faoi earnáil fhoriomlán na ndíobhálacha pearsanta agus faoin dóigh a rabhthas ag líomhain go raibh costais éileamh ag cur go suntasach le costas an árachais. Luaigh siad, áfach, nach raibh an imní a bhí léirithe ag baint le haon cháineadh ar oibríochtaí PIAB.
- Léiríodh tacaíocht do shoiléire mhéadaithe go seachtrach maidir le ról, oibríochtaí, cuspóirí agus méadracht PIAB, agus do shimplíocht mhéadaithe na dteachtaireachtaí.
- Bhí tacaíocht ann do chláir faisnéise poiblí bhreise le PIAB a dhíreodh ar a ról d’ionchur dearfach a dhéanamh do thimpeallacht na n-éileamh.

## An Plean Straitéiseach 2019-2024 – Fís, Ráiteas Misin & Cuspóirí Straitéiseacha arna nuashonrú

Seo a leanas an Fhís, an Ráiteas Misin agus na Cuspóirí Straitéiseacha nuashonraithe atá tugtha chun críche againn do thréimhse 2019-2024, bunaithe ar athbhreithniú ar an timpeallacht fhoriomlán agus ar ár bhfeidhmíocht sa tréimhse atá clúdaithe ag an bplean deireanach.

### Ár bhFís

Córas cóir, éifeachtach agus neamhsháraíochta a chur chun cinn agus a oibriú d'fhonn éilimh um dhíobhálacha pearsanta a réiteach le coigilteas sna costais phróiseála, chun leasa na n-éilitheoirí, na bhfreagróirí agus shochaí na hÉireann i gcoitinne.

### Ár Ráiteas Misin

Déanfaidh an Bord Measúnaithe Díobhálacha Pearsanta (PIAB) cúiteamh díobhálacha pearsanta a sheachadadh ar bhealach cóir, éifeachtach agus follasach. Ar bhonn gníomhach spreagfaidh sé timpeallacht fheabhsaithe maidir le réiteach éileamh in Éirinn mar aon le húsáid shamhail PIAB. Trí sin a dhéanamh, bainfidh sé costais inseachanta, agus tacóidh sé le córas cúitimh inbhuanaithe do pháirtithe uile agus don tsochaí.

Déanfaidh PIAB é sin tríd an méid a leanas:

- Seirbhís shármhaith do chustaiméirí, próiseáil agus measúnú éifeachtach díobhálacha a sholáthar.
- Feabhsú, nuáil agus úsáid teicneolaíochta digití ar bhonn leanúnach.
- Sonraí a fhoilsiú chun cuidiú le páirtithe leasmhara.
- An caighdeáin is airde macántachta, neamhspleáchais agus cothroime a choimeád.
- Daoine agus córais PIAB a fhorbairt d'fhonn ár gcumas a mhéadú.

## Ár gCuspóirí Straitéiseacha

1. Leanúint le córas ísealchostais, cóir agus neamhspleách a sholáthar le haghaidh éilimh díobhálacha pearsanta a mheasúnú ar bhonn neamhsháraíochta, agus chun a chinntiú go léirítear aon athruithe lenár ndámhachtainí ar an dóigh a ndéantar damáistí a mheasúnú nó a ríomh ag na cúirteanna.

2. Úsáid mhéadaithe shamhail an Bhoird a thabhairt chun suntais mar an modh optamach chun éilimh díobhálacha pearsanta a réiteach. A chinntiú go mbíonn éilitheoirí agus freagróirí ar an eolas maidir le conas an córas a úsáid agus go mbíonn siad eolach ar na tairbhí a bhaineann lena úsáid.

3. Seirbhís shármhaith a sholáthar dár gcustaiméirí uile lena n-áirítear trí roghanna nuálacha de sheachadadh seirbhíse a fhorbairt ag díriú ar úsáid níos mó na teicneolaíochta digití.

4. Ár gcumas oibríochtúil a fheabhsú chun tabhairt faoi riachtanais athraitheacha na heagraíochta trí infheistiú san fhoireann agus trí thacaíocht a sholáthar di d'fhonn cumas aonair agus comhchoiteann a fheabhsú a thuilleadh, d'fhonn a chinntiú go mbíonn na caighdeáin is airde de rialachas corparáideach i bhfeidhm agus d'fhonn a chinntiú go mbíonn struchtúir, próisis, inniúlachtaí agus teicneolaíochtaí iomchuí i bhfeidhm chun tacú le seachadadh ár bhFíse, ár Misin agus ár gCuspóirí.

5. Tacaíocht a sholáthar dár lucht ceaptha beartas agus dár bpáirtithe leasmhara agus teagmháil a dhéanamh leo ar bhonn gníomhach trí shonraí comhiomlánaithe agus anailís a fhoilsiú lena bhféadtar cuidiú le treochtaí a shainaithint maidir le measúnú díobhálacha nó dámhachtainí nó lena sainaithnítear saincheisteanna sa timpeallacht réitithe éileamh ar féidir iad a fheabhsú nó a fhorbairt. Trí shonraí ábhartha a fhoilsiú cur le feabhsuithe i réimse na sláinte agus na sábháilteachta sna timpeallachtaí bóithre, áite oibre nó áite poiblí. Leis an gcuspóir sin réamh-mheastar foilsiú nó comhroinnt ár sonraí chun cuidiú leo siúd a bhfuil baint acu le cosc timpistí.

## Gníomhaíochtaí chun na Cuspóirí Straitéiseacha a Bhaint Amach

Cuirfidh an Bord roinnt gníomhaíochtaí i bhfeidhm ag éirí as na Cuspóirí Straitéiseacha seo. Cuirtear réasúnaíocht mhionsonraithe ar fáil do na gníomhaíochtaí sonraithe a bheidh le leanúint mar aon leis na hEochairtháscairí Feidhmíochta leis na leathanaigh seo a leanas.

## Cuspóir 1

**Leanúint le córas ísealchostais, cóir agus neamhspleách a sholáthar le haghaidh éilimh díobhálacha pearsanta a mheasúnú ar bhonn neamhsháraíochta, agus chun a chinntiú go léirítear aon athruithe lenár ndámhachtainí ar an dóigh a ndéantar damáistí a mheasúnú nó a ríomh ag na cúirteanna.**

*Leis an gcuspóir sin cuimsítear an inmhianaitheacht de sheirbhís ísealchostais a sholáthar atá cóir, follasach, agus neamhspleách ar gach páirtí. Tugtar san áireamh leis riachtanais éilitheoirí, freagróirí, agus na sochaí i gcoitinne, áit a bhfuil costais árachais ina gcúis imní. Réamh-mheastar leis freisin athruithe ar mheasúnú damáistí a d’fhéadfadh teacht chun cinn tar éis na moltaí ón gCoimisiún um Dhíobhálacha Pearsanta a ghlaonn gur cheart go mbíonn ról ag Comhairle na mBreithiúna maidir le treoirlínte a leagan síos do na méideanna le dámhachtain i gcásanna díobhálacha pearsanta.*

*Seo a leanas na gníomhaíochtaí straitéiseacha a eascraíonn:*

- Feabhsú agus doiciméadú a dhéanamh go leanúnach ar phróisis agus ar nósanna imeachta measúnaithe an Bhoird chun a chinntiú go ndéantar measúnú cóir cruinn ar chúiteamh.
- Bearta a chur chun cinn trína ndéantar éilimh a shainaithint agus a chatagóiriú agus ar an mbealach sin tacaíocht a thabhairt don phróiseas measúnaithe.
- Feabhsúcháin ar an gClár Deimhnithe Cáilíochta a chur chun cinn agus a fheidhmiú lena dtacaítear le measúnú cóir agus cruinn gan mhoill.
- Iarracht a dhéanamh na sonraí atá ar fáil a bhailiú agus a anailísiú agus an Leabhar Candaim a athbhreithniú ar aon dul le riachtanais reachtacha.
- Scrúdú a dhéanamh ar chásanna a thagann faoi shainchúram an Bhoird nach dtéann ar aghaidh tríd an bpróiseas measúnaithe iomlán agus a bhféadfadh an Bord seirbhís níos fearr a thabhairt ina leith.
- Athbhreithniú a dhéanamh ar na seirbhísí go léir a sholáthraítear i dtéarmaí luach ar airgead agus táirgí insoláthartha do pháirtithe leasmhara.
- Coigilteas costais agus tairbhí comhshaoil a sheachadadh trí chláir éifeachtúlachta fuinnimh.
- Soláthraithe seirbhíse tríú páirtí uile a bhainistiú go héifeachtach ag díriú ar bhainistíocht airgeadais agus ar ghnéithe seirbhíse do chustaiméirí.
- Éifeachtúlachtaí inmheánacha a fhorbairt a thuilleadh i gcórais agus i bpróisis lena gcuirtear le laghduithe ar chostais riaracháin.
- Idirghabháil a dhéanamh le páirtithe iomchuí d’fhonn sonraí faoi shocraíochtaí a fháil.
- Acmhainní a dhíriú ar na réimsí sin ina bhfuil na torthaí, i gcoibhneas an chaiteachais, den luach is airde.
- Aon athruithe ar phróisis a theastaíonn a chur chun feidhme a eascraíonn ó fhorbairtí reachtacha.
- Moltaí ón CIWG agus ón PIC a chur chun feidhme.
- Úsáid a bhaint as soláthar iomaíoch chun luach níos fearr ar airgead a fháil in earraí agus i seirbhísí.

*Eochairtháscairí Feidhmíochta (KPInna)*

- Measúnú déanta ar gach éileamh laistigh de na frámaí ama reachtúla
- Costais seachadta arna gcoimeád ag leibhéil ísle, agus costais 3ú páirtí á n-iompar ag an am céanna. (Tá sé sin faoi réir ag aon athruithe ar leibhéil na ndámhachtainí atá i réim agus ar chostais sheasta)
- Leibhéil na ndámhachtainí arna gcoimeád ag leibhéal na ndamáistí atá i réim.
- Moltaí ón CIWG agus ón PIC arna gcur chun feidhme.
- Soláthar – líon na soláthraithe, laghdú ar chostas soláthair, an caiteachas in aghaidh an tsoláthraí ghníomhaigh.
- Éifeachtúlacht fuinnimh – % an laghdaithe ón mbonnlíne in 2009; coigilteas bliain ar bhliain maidir le caiteachas ar shoilsiú agus ar theas. (Ba cheart go dtabharfaí méaduithe ar rátaí leictreachais san áireamh leis an úsáid sin).

## Cuspóir 2

**Úsáid mhéadaithe shamhail an Bhoird a thabhairt chun suntais mar an modh optamach chun éilimh díobhálacha pearsanta a réiteach. A chinntiú go mbíonn éilitheoirí agus freagróirí ar an eolas maidir le conas an córas a úsáid agus go mbíonn siad eolach ar na tairbhí a bhaineann lena úsáid.**

*Réamh-mheastar leis sin go ndéanfar líon níos mó cásanna a réiteach tríd an mBord seachas dul tríd an gcóras dlíthíochta. Réamh-mheastar leis ról méadaithe don Bhord maidir le tionscnaimh bheartais nó iompraíocht páirtithe leasmhara a spreagadh a mbeidh rátaí glactha níos airde ina dtoradh maidir le dámhachtainí an Bhoird, mar aon le níos mó freagróirí a spreagadh chun toiliú do phróiseas an Bhoird, agus go hionchasach go ndéanfaidh an Bord cásanna a láimhsiú nach bhfuil á láimhsiú aige faoi láthair. Leis an gcuspóir sin, in éineacht le cuspóir 5, réamh-mheastar go mbainfear úsáid níos mó as sonraí lena dtaispeántar go soiléir na tairbhí ionchasacha a bhaineann le húsáid mhéadaithe shamhail an Bhoird.*

*Seo a leanas na gníomhaíochtaí straitéiseacha a eascraíonn:*

- Déanfaimid athbhreithniú agus sruthlíniú ar ár gcuid próiseas go léir chun go mbeidh tuilleadh rochtana orthu,
- Déanfaimid feachtais feasachta poiblí a fhorbairt agus a fheidhmiú a mbeidh spriocanna intomhaiste i gceist leo, ag díriú ar chustaiméirí a chur ar an eolas go bhfuil rogha acu déileáil go díreach leis an mBord, agus iad a spreagadh agus a chuidiú chun sin a dhéanamh,
- Déanfaimid cumarsáid ar bhealach éifeachtach cuí mar a leanas:
  - Faisnéis a chur i láthair i bhformáid inrochtana.
  - An leas is mó is féidir a bhaint as teicneolaíocht lena n-áirítear ár láithreán gréasáin/uirlisí digiteacha.
  - Faisnéis a dhéanamh níos soiléire, níos beaichte agus níos éasca le tuiscint ag an bpobal.
  - Ár gcomhfhreagras, ár bhfoirmeacha agus ár mbileoga a dhéanamh níos oiriúnaí agus sothuigthe agus úsáid gnáth-theanga a uasmhéadú.
  - Aiseolas a lorg ó chustaiméirí maidir le cáilíocht na faisnéise.
- Déanfaimid ár nós imeachta reatha um ghearáin ó chustaiméirí a fhorbairt/a bheachtú.
- Comhlíonfaimid go hiomlán reachtaíocht Saorála Faisnéise lena n-áirítear rochtain a sholáthar don phobal ar chatagóirí áirithe faisnéise.
- Déanfaimid teagmháil agus idirghníomhú leis na príomhpháirtithe leasmhara d'fhonn feabhas a chur ar na seirbhísí a sholáthraítear.

- Déanfaimid taighde, lena n-áirítear suirbhéanna custaiméirí.
- Déanfaimid feidhmíocht a athbhreithniú, a chur i bhfeidhm agus a iniúchadh i gcoinne na Cairte Custaiméirí dár gcuid atá foilsithe againn.
- Cinnteoimid go mbeidh ár mbeartais agus na fáthanna leis na cinntí a dhéanaimid follasach.
- Déanfaimid taighde ar réimsí ina bhféadfadh deiseanna a bheith ann chun samhail neamhsháraíochta a úsáid ar mhaithe leis na páirtithe go léir,
- Cuirfimid an cás gnó faoi bhráid an lucht ceaptha beartas agus na tairbhí á sonrú a bhainfeadh le feidhmiú shamhail neamhsháraíochta an Bhoird ar fud an Stáit chun leasa an Stáit agus na sochaí,
- A chinntiú go bhfuil an lucht ceaptha beartas ar an eolas faoi na tairbhí ar féidir le samhail an Bhoird a thabhairt chuig réimsí reatha lasmuigh de shainchúram an Bhoird nó chuig scéimeanna nua sásaimh a bhféadfadh an Rialtas iad a fhaomhadh amach anseo d’fhonn an coigilteas costais suntasach a thabhairt chun suntais atá insroichte don Stát.
- Comhoibriú agus sonraí a chomhroinnt le gníomhaireachtaí agus le comhlachtaí eile a bhfuil ról acu maidir le cosc timpistí/díobhálacha agus maidir le córais réitithe a bhaineann le héilimh.
- Oibreoimid chun a chinntiú go gcomhlíonann muid riachtanais reachtacha sa réimse a bhaineann le cearta an duine agus comhionannas, go háirithe nuair atá tionscnaimh nua beartaithe. Déanfaimid dul chun cinn a thuairisciú inár dtuarascálacha bliantúla.
- Leanfaimid chun oiliúint agus faisnéis a sholáthar dár bhfoireann maidir le cearta an duine agus comhionannas.

*Eochairtháscairí Feidhmíochta (KPInna)*

- Rátaí socraíochtaí.
- Leibhéal rannpháirteachais na bpáirtithe leasmhara
- Méid na sonraí a comhroinneadh.
- Aiseolas ó chustaiméirí lena n-áirítear gearáin, torthaí ó shuirbhéanna custaiméirí.
- % leibhéal an chaiteachais ar thaighde.

## Cuspóir 3

**Seirbhís shármhaith a sholáthar dár gcustaiméirí uile lena n-áirítear trí roghanna nuálacha de sheachadadh seirbhíse a fhorbairt ag díriú ar úsáid níos mó na teicneolaíochta digití.**

*Is é atá réamh-mheasta leis sin trasfhoirmiú thairiscint ár seirbhíse trí sheirbhísí digitithe a fhorbairt amhail tairseacha do dhlíodóirí, d’árachóirí, do ghairmithe leighis, etc. Is é an toradh atá inmhianaithe go soláthrófar cuid ollmhór na seirbhísí go leictreonach thar thréimhse an phlean nua. Trí dhigitiú feabhsófar an tseirbhís a chuireann an Bord ar fáil agus cruthófar éifeachtúlachtaí níos mó don eagraíocht. Cuimsítear leis an gcuspóir freisin ár láithreán gréasáin a úsáid, soláthar faisnéise, seirbhís do chustaiméirí/gearáin, agus comhlíonadh iomlán leanúnach na Saorála Faisnéise (FOI), Cosaint Sonraí/GDPR agus réimsí eile.*

*Seo a leanas na gníomhaíochtaí straitéiseacha a eascraíonn:*

- Tá sé d’aidhm againn go mbeadh idirghníomhaíocht idir sinn agus na custaiméirí níos simplí, níos tapa agus níos sásúla. Maidir leis sin, déanfaimid roinnt Gníomhaíochtaí Straitéiseacha sonracha a chur i bhfeidhm mar a leanas:
- Teicneolaíocht á úsáid chun tacú le húsáid ár samhla ag éilitheoirí, ag gairmithe dlí, ag gairmithe leighis agus ag freagróirí.

- Bainfimid an úsáid is fearr as an teicneolaíocht agus cuirfimid roghanna gréasánbhunaithe ar fáil le hidirghníomhú leis an eagraíocht. Tabharfaimid tosaíocht d'úsáid an chainéil dhigitigh agus é á dhéanamh furasta agus éifeachtach. Leanfaimid chun freagairt a dhéanamh do threochtaí úsáideoirí amhail aistriú go teicneolaíocht mhóibíleach amhail fóin chliste/táibléid etc.
- Leanfaidh an Bord de dhea-chleachtas a chur i bhfeidhm ar fud na heagraíochta d'fhonn seirbhís éifeachtúil agus éifeachtach a sholáthar do na custaiméirí go léir agus do thairbhithe deiridh, rud lena gcuimsítear an tsochaí i gcoitinne.
- Cinnteoimid go ndéantar sonraí pearsanta uile a chosaint agus a choimeád go slán, go háirithe sonraí pearsanta íogaire, agus leanfaimid chun riachtanais an Rialacháin Ghinearálta um Chosaint Sonraí (GDPR) a chomhlíonadh.
- Leanfaidh PIAB le bearta riachtanacha a chur i bhfeidhm, nuair is féidir, d'fhonn éifeachtúlacht fuinnimh a chur chun cinn agus ár lorg carbóin a laghdú.

*Eochairtháscairí Feidhmíochta (KPInna)*

- % leibhéal na n-éileamh a cuireadh tríd an Tairseach do Dhlíodóirí.
- % leibhéal na ndlíodóirí atá cláraithe chun an Tairseach do Dhlíodóirí a úsáid.
- % leibhéal na sonrasc a íocadh trí mheáin leictreonacha.
- % leibhéal na n-admhálacha táillí a fuarthas go leictreonach.
- Leibhéal digitithe Leighis/Freagróirí.
- Úsáid a bhaint as teicneolaíocht chun éifeachtúlachtaí a fhorbairt e.g. córas bainistithe éileamh, éifeachtúlachtaí ar líne tríd an láithreán gréasáin, córais airgeadais/íocaíochtaí.
- Méadú ar leibhéil rannpháirtíochta leis an mBord ar bhealaí leictreonacha.
- Reachtaíocht FOI agus Cosanta Sonraí a chomhlíonadh – e.g. sáruithe ar shonraí etc.

## Cuspóir 4

**Ár gcumas oibríochtúil a fheabhsú chun tabhairt faoi riachtanais athraitheacha na heagraíochta trí infheistiú san fhoireann agus trí thacaíocht a sholáthar di d'fhonn cumas aonair agus comhchoiteann a fheabhsú a thuilleadh, d'fhonn a chinntiú go mbíonn na caighdeáin is airde de rialachas corparáideach i bhfeidhm agus d'fhonn a chinntiú go mbíonn struchtúir, próisis, inniúlachtaí agus teicneolaíochtaí iomchuí i bhfeidhm chun tacú le seachadadh ár bhFíse, ár Misin agus ár gCuspóirí.**

*Áirítear leis sin oiliúint & forbairt eagraíochtúil, folláine fostaithe, rialachas corparáideach/comhlíonadh, bainistíocht riosca/iniúchadh/rialú inmheánach, luach ar airgead, bainistíocht costais, feabhsuithe ar phróisis, seachfhoinsiú, soláthar etc.*

*Seo a leanas na gníomhaíochtaí straitéiseacha a eascraíonn:*

- Trí oiliúint agus forbairt iomchuí, inniúlacht theicniúil na sainfhoirne measúnaithe a chinntiú,
- Athbhreithniú a dhéanamh ar na painéil saineolaithe a úsáidtear chun tacú leis an bpróiseas measúnaithe.
- An Cód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú a chomhlíonadh.
- Úsáid a bhaint as TFC chun éifeachtúlachtaí a fhorbairt in oibriú ár gcóras e.g. córas bainistithe éileamh, éifeachtúlachtaí ar líne tríd an láithreán gréasáin, córais airgeadais/íocaíochtaí, etc.
- Leanúint d'athbhreithniú a dhéanamh ar struchtúir eagraíochta ar bhonn leanúnach.

- Córas Bainistithe Feidhmíochta a leabú lena gcumasaítear feidhmíocht níos éifeachtaí ó fhostaithe agus lena n-áirítear creat chun tearcfheidhmíocht a bhainistiú.
- Leas fostaithe a chur chun cinn trí thimpeallacht shábháilte fholláin oibre a chur ar fáil.
- Roghanna a athbhreithniú i dtéarmaí cianoibre/oibre ón mbaile mar mhodh chun cothromaíocht oibre is saoil a fheabhsú.
- Trí Oiliúint & Forbairt, lena n-áirítear ríomh-fhoghlaim, inniúlacht na foirne a choimeád chun a chinntiú go soláthraíonn siad ardleibhéil seirbhíse, agus a chinntiú go gcomhlíonann foireann arna cáiliú go gairmiúil riachtanais CPD.
- A chinntiú go ndéantar machnamh ar phleanáil um Choinneáil Eolais Chorparáidigh agus go ndéantar pleanáil ina leith.
- Straitéis Bainistíochta Cumais a chruthú chun a chinntiú go dtarraingímid, go bhfostaímid agus go gcoinnímid fostaithe.
- Ár dtaithí/saineolas a chomhroinnt maidir le Seirbhísí Comhroinnte inmheánacha agus seachtracha a fhorbairt le Ranna Rialtais agus le gníomhaireachtaí eile.
- Beartais soláthair dea-chleachtais a fheidhmiú agus seirbhísí a sholáthraítear go lárnach a úsáid nuair is iomchuí,
- A chinntiú tríd an gcreat cumarsáide inmheánaí go gcomhroinntear faisnéis thábhachtach agus feidhmíocht níos éifeachtaí á cumasú ar an mbealach sin.
- A chinntiú go leanfar de shamhail láidir inbhuanaithe airgeadais.
- A chinntiú go ndéantar athbhreithniú iomchuí tráthúil ar bheartais agus ar nósanna imeachta airgeadais.
- A chinntiú go mbíonn struchtúir iomchuí iniúchóireachta i bhfeidhm i gcónaí agus athleanúint a dhéanamh ar mholtaí a éiríonn as athbhreithnithe ar iniúchtaí.
- A chinntiú go bhfuil córais agus próisis i bhfeidhm chun riosca a shainaithint agus a bhainistiú.
- Comhaontuithe Seirbhíse Bliantúla a chur i gcrích lenár máthair-Roinn ar bhealach tráthúil.
- Beartais rialtais a chur i bhfeidhm, lena n-áirítear iad siúd sa réimse a bhaineann le ríomhsheirbhísí rialtais agus athchóiriú na hearnála poiblí.
- A chinntiú, trí KPInna agus trí mhonatóireacht rialta, go bhfuil an Lárionad Seirbhíse ag seachadadh seirbhíse ardcháilíochta do gach Úsáideoir deiridh agus go bhfuil breisluach á chur leis an bpróiseas.
- A chinntiú go bhfuil clár árachais iomchuí i bhfeidhm.

*Eochairtháscairí Feidhmíochta (KPInna)*

- Feabhsuithe próisis.
- Folláine agus cothromaíocht oibre is saoil.
- Costais seachadta arna gcoinneáil ag leibhéil ísle.
- Tionscnaimh um luach ar airgead.
- Líon na laethanta oiliúna arna seachadadh.
- % leibhéal an chaiteachais ar Oiliúint.
- Athbhreithnithe ar an gClár Riosca/Iniúchtaí ar bhainistíocht riosca.
- Líon na nglaonna ar an Lárionad Seirbhíse.
- Infhaighteacht níos mó ar shonraí don phobal agus do pháirtithe leasmhara ábhartha.
- Méadú ar leibhéil na feasachta.

- Suirbhéanna foirne.
- % an chaiteachais ar Chibearshlándáil/TF.
- Líon na saineolaithe nua ar an bpainéal.
- Líon na rannpháirtithe ó chreat OGP (an Oifig um Sholáthar Rialtais).
- Ráta coinneála na foirne.
- Laghdú ar chostais phoist.

## Cuspóir 5

**Tacaíocht a sholáthar dár lucht ceaptha beartas agus dár bpáirtithe leasmhara agus teagmháil a dhéanamh leo ar bhonn gníomhach trí shonraí comhiomlánaithe agus anailís a fhoilsiú lena bhféadtar cuidiú le treochtaí a shainaithint maidir le measúnú díobhálacha nó dámhachtainí nó lena sainaithnítear saincheisteanna sa timpeallacht réitithe éileamh ar féidir iad a fheabhsú nó a fhorbairt. Trí shonraí ábhartha a fhoilsiú cur le feabhsuithe i réimse na sláinte agus na sábháilteachta sna timpeallachtaí bóithre, áite oibre nó áite poiblí.**

*Leis an gcuspóir sin réamh-mheastar foilsiú nó comhroinnt ár sonraí chun cuidiú leo siúd a bhfuil baint acu le cosc timpistí.*

*Seo a leanas na gníomhaíochtaí straitéiseacha a eascraíonn:*

- Comhoibriú a dhéanamh le Gníomhaireachtaí Stáit eile chun sonraí a fhoilsiú a bheidh ina gcuidiú i dtéarmaí sláinte agus sábháilteachta.
- Cumas breise a fhorbairt chun córais chódaithe a úsáid amhail ICD-10 lena gcumasófar catagóiriú sonraí ábhartha agus i ndeireadh na dála foilsiú na sonraí sin.
- Dul i gcomhairle agus teagmháil a dhéanamh le páirtithe leasmhara reatha agus nua/le grúpaí úsáideoirí nua maidir lena bpríomhriachtanais sonraí.
- Sonraí ábhartha a bhailiú agus a tháirgeadh maidir le measúnú cúitimh díobhála pearsanta agus réimsí gaolmhara.

*Eochairtháscairí Feidhmíochta (KPInna)*

- Leibhéal na cumarsáide agus rannpháirtíocht na bpáirtithe leasmhara.
- Méid na sonraí arna bhfoilsiú.
- Aiseolas ó pháirtithe leasmhara.
- Comhoibriú le heagraíochtaí maidir le sábháilteacht nó réimsí cosúla.

# Caibidil **4:**

## Struchtúr na hEagraíochta



Léirítear sa chuid seo a leanas struchtúr eagraíochtúil an Bhoird Mheasúnaithe Díobhálacha Pearsanta (PIAB). Tá an Bord Measúnaithe Díobhálacha Pearsanta faoi cheannas Bord Stiúrthóirí (atá sonraithe thíos). Ceapann an tAire Gnó, Fiontar agus Nuálaíochta an Bord agus tá sé comhdhéanta de Chathaoirleach, den Phríomhfheidhmeannach agus 9 gnáthchomhaltaí lena n-áirítear iad siúd atá ainmnithe ag comhlachtaí seachtracha agus iad siúd arna n-ainmniú faoi reachtaíocht.* Tá an Bord freagrach as beartais an Bhoird Mheasúnaithe Díobhálacha Pearsanta a fhoirmliú agus as dualgais mhuiníneacha a chur chun feidhme.

* Leis an Acht um Bord Measúnaithe Díobhálacha Pearsanta (Leasú), 2019, baintear feidhm ainmniúcháin Chomhdháil na gCeardchumann (ICTU) agus Chónaidhm Ghnólachtaí agus Fhostóirí na hÉireann (IBEC).

### Liosta Iomlán Chomhaltaí an Bhoird amhail Eanáir 2019

| Ainm | Suíomh |
|---|---|
| Dermot Divilly | Cathaoirleach |
| Nuala Jackson | Abhcóide Sinsearach |
| Conor O'Brien | Príomhfheidhmeannach |
| Walter Cullen | Ainmní Chomhdháil na gCeardchumann (ICTU) |
| Folamh | Ainmní ó Chónaidhm Árachais na hÉireann |
| Martin Naughton | Ainmní Chomhdháil na gCeardchumann (ICTU) |
| Tim O'Hanrahan | Banc Ceannais agus Údarás Seirbhísí Airgeadais na hÉireann. |
| Colette Crowne | An Coimisiún um Iomaíocht agus Cosaint Tomhaltóirí |
| An Dr. Jean O'Sullivan, | Lia Comhairleach i Míochaine Éigeandála |
| Breda Power | Rúnaí Cúnta, An Roinn Gnó, Fiontar agus Nuálaíochta |
| Margot Slattery | Ainmní ó Chónaidhm Ghnólachtaí agus Fhostóirí na hÉireann (IBEC) |
| Stephen Watkins | Rúnaí an Bhoird |

## Léaráid an Struchtúir Eagrúcháin

| **An Bord**<br>Príomhfheidhmeannach | | | |
|---|---|---|---|
| **Oibríochtaí**<br>Stiúrthóir Oibríochtaí | **Seirbhísí Tacaíochta Gnó**<br>Stiúrthóir na Seirbhísí Tacaíochta Gnó | **Seirbhísí Corparáideacha**<br>Stiúrthóir Seirbhísí Corparáideacha | **Airgeadas**<br>Stiúrthóir Airgeadais |

## An Fhoireann Bhainistíochta Feidhmiúcháin

Is comhalta den Bhord é an Príomhfheidhmeannach Conor O'Brien. Tá sé i gceannas ar an bhFoireann Bhainistíochta Feidhmiúcháin freisin lena n-áirítear:

- Maurice Priestley – Stiúrthóir Oibríochtaí
- Helen Moran – Stiúrthóir Seirbhísí Tacaíochta Gnó
- Stephen Watkins – Stiúrthóir Seirbhísí Corparáideacha
- Bernadette King – Stiúrthóir Airgeadais

Tá an Príomhfheidhmeannach freagrach as feidhmeanna feidhmiúcháin an Bhoird Mheasúnaithe Díobhálacha Pearsanta agus tá tacaíocht ó fhoireann bhainistíochta, o mheasúnóirí reachtúla agus ó shainfhoireann tacaíochta aige. Ag deireadh 2018, bhí 78 ball foirne lánaimseartha ag PIAB. Ina theannta sin tá Lárionad Seirbhíse seachfhoinsithe ag an mBord a chuireann tacaíocht chúloifige choimhdeach ar fáil agus líne chabhrach ann ó 8am go 6pm ar laethanta na seachtaine.

# Aguisín:

## Páirtithe Leasmhara a nDeachthas i gComhairle leo

Chuathas i gcomhairle leis na geallsealbhóirí seo a leanas mar chuid d'fhorbairt an phlean nua seo:

- Cumann Gluaisteán na hÉireann
- Cumann Chomhlachais Tráchtála na hÉireann
- Comhairle Barra na hÉireann
- Bróicéirí Éireann
- Banc Ceannas na hÉireann
- Comhlachas Tomhaltóirí na hÉireann
- Courts Service
- An Coimisiún um Iomaíocht agus Cosaint Tomhaltóirí
- CGFE
- Coláiste Liachleachtóirí na hÉireann,
- Comhdháil na gCeardchumann
- Comhlachas Chomhairleoirí Ospidéil na hÉireann.
- Comhlachas Ghnóthas Beag agus Meánmhéide na hÉireann,
- Cónaidhm Árachais na hÉireann,
- Dlí-Chumann na hÉireann
- Cumann Thionscal Mótar na hÉireann

Ina theannta sin bíonn comhairliúcháin ann le páirtithe leasmhara ar bhonn leanúnach ina leithéid d'eagraíochtaí a leanas: eagraíochtaí leighis, grúpaí tomhaltóirí, comhlachtaí ionadaíocha dlíthiúla, fostóirí, agus fostaithe, institiúidí oideachais, Ranna Rialtais agus gníomhaireachtaí ábhartha eile.



**Lárionad Seirbhíse PIAB:**

Luan go hAoine, 8am go 6pm

Teil: 1890 829 121

Ó Thuaisceart Éireann agus ón Ríocht Aontaithe 0870 876 8121

Bosca Oifig Phoist 8, Cloch na Coillte, Co Chorcaí

www.piab.ie